

North/South Ministerial Council



An Chomhairle Aireachta  
Thuaidh/Theas

tuarascáil bhliantúil 2002

# CLÁR

1.	Réamhrá leis na Comhrúnaithe	3
2.	Caibidil 1 - Cúlra na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas	5
3.	Caibidil 2 - Oibriú na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas	9
4.	Caibidil 3 - Cruinniú Iomlánach CATT	13
5.	Caibidil 4 - Cruinnithe Earnáileacha agus Gníomhaíochtaí CATT	17
6.	Caibidil 5 - An Comhrúnaireacht	53
7.	Aguisín 1 - Tinreamh ag Cruinniú Iomlánach	55
8.	Aguisín 2 - Tinreamh ag Cruinnithe Earnáileacha	57
9.	Aguisín 3 - Faisnéis Airgeadais	61
10.	Aguisín 4 - Sonraí Teagmhála na gComhlachtaí Thuaidh/Theas	63
11.	Aguisín 5 - Comhaltáí Boird na gComhlachtaí Thuaidh/Theas	67
12.	Aguisín 6 - Faisnéis ar na Ranna	71



RÉAMHRÁ LEIS NA COMHRÚNAITHE

# RÉAMHRÁ

Tá áthas orainn an tuarascáil bhliantúil seo, an tríú ceann de chuid na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) a chur i láthair. Mar a thug an Chomhairle faoi deara ag an chruinniú lomlánach i Mí an Mheithimh 2002, rinneadh dul chun cinn suntasach trasna réimse leathan earnálacha. Lean na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas lena gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh ar mhaithe le comhleas an dá chuid den oileán, agus rinne siad a suíomh a chinntiú mar chuid den ailtireacht institiúideach a bunaíodh faoi chineachadh.

Nuair a cuireadh an Tionól ar fionraí ar 14 Deireadh Fómhair 2002 leasaíodh an Comhaontú idir an dá Rialtas a bhunaigh na Comhlachtaí trí Litreacha a Mhalartú. Faoi théarmaí an leasaithe, "Déanfaidh an dá rialtas s'againne cinntí de chuid na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas ar bheartais agus ar ghníomhaíocht a bhaineann leis na Comhlachtaí Forfheidhmithe, Turasóireacht Éireann Teoranta nó a gcuid feidhmeanna faoi seach. Ní bhronnfar aon fheidhmeanna nua ar na Comhlachtaí Forfheidhmithe". Leagadh amach mar sin é chun a chinntiú go mbeadh na Comhlachtaí ábalta leanúint ar aghaidh ag comhlánú a gcuid feidhmeanna tábhachtacha poiblí ar bhonn cúraim agus cothaithe. Agus an tuarascáil seo ag dul i gcló, tá an dá rialtas ag leanúint ar aghaidh lena gcuid iarrachtaí Rialtas cineachta i dTuaisceart Éireann a athbhunú arís.

Dr. Peter Smyth

Comhrúnaí (Thuaidh)

Ard Mhacha

Samhain 2003.

Pribhléid a bhí ann dúinn oibriú lenár gcomhleacaithe sa Chomhrúnaireacht agus muid ag tacú le hobair na n-Airí agus ag cuidiú le gnóthaí a chur i gcrích go héifeachtach. Ag tarraingt ar dheireadh na bliana, cuireadh an obair thábhachtach sin i gcrích cé go raibh deacrachtaí ann sa phróiseas pholaitiúil, agus molaimid foireann na Comhrúnaireachta as a gcuid tiomantais do sheirbhís d'ardchaighdeán a chur ar fáil i dtimpeallacht chasta.

Ba mhaith linn ár mbuíochas ó chroí a ghabháil as an chomhoibriú agus tacaíocht a thug Airí, feidhmeannaigh sa dá dhlínse, na Boird agus foireann na bhForas Thuaidh/Theas; gan a leithéid bheadh ár jab dodhéanta. Táimid ag súil lenár bpáirt a ghlacadh i gcur chun cinn an chomhoibrithe Thuaidh/Theas ar mhaithe le comhleasa.

Tim O'Connor

Comhrúnaí (Theas)



CAIBIDIL 1

CÚLRA NA COMHAIRLE  
AIREACHTA THUaidH/THEAS

# AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH/THEAS

1.1 Bunaíodh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) Déardaoin 2 Nollaig 1999 ar theacht i bhfeidhm do Chomhaontú na Breataine - na hÉireann ón 8 Márta, a shínigh Rialtas na Breataine agus Rialtas na hÉireann mar chuid den Chomhaontú ar thángthas air sna Caibidlí Ilpháirtí i mBéal Feirste ar Aoine an Chéasta, 10 Aibreán, 1998. Ordaíonn an Comhaontú go dtabharfaidh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas le chéile iad siúd a bhfuil freagrachtaí feidhmiúcháin orthu i dTuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann chun comhchomhairle, comhoibriú agus gníomhaíocht a fhorbairt laistigh d'oileán na hÉireann- lena n-áirítear sin a dhéanamh trí fhorfheidhmiú ar bhonn uile-oileáin agus trasteorann - maidir le hábhair chomhleasa atá laistigh d'inniúlacht na gCóras Riaracháin, Thuaidh agus Theas. Tá Airí ó Riarachán Thuaisceart Éireann agus ó Rialtas na hÉireann sa CATT, agus iad ag obair le chéile chun comhoibriú a chur chun tosaigh idir an dá chuid den oileán ar mhaithe le comhleasa.

## RÉIMSÍ OIBRITHE NA COMHAIRLE

1.2 Socraíodh faoin Chomhaontú go sainaithneofaí 12 ábhar ar a laghad le haghaidh comhoibriú agus forfheidhmiú ar mhaithe le comhleasa faoi choimirce na

Comhairle. Chuirfí comhoibriú sna hábhair sin i bhfeidhm in dhá bhealach - i gcás sé cinn acu ar a laghad trí úsáid a bhaint as comhlachtaí atá ann cheana féin i ngach dlínse ar leithligh (tagraítear dóibh siúd chomh maith mar na hÁbhair le haghaidh comhoibriú), agus i gcás sé cinn eile ar a laghad trí Chomhlachtaí úra Forfheidhmithe (tagraítear dóibh siúd chomh maith mar na Comhlachtaí Thuaidh/Theas) ag feidhmú ar leibhéal trasteorann nó uile-oileáin.

1.3. Seo a leanas na hÁbhair a sainaithníodh mar na sé cinn ina gcuirfeadh na Comhlachtaí úra Forfheidhmithe Thuaidh/Theas comhoibriú chun cinn:

- Uiscebhealaí Intíre
- Sábháilteacht Bia
- Forbairt Trádála agus Gnó
- Cláir Speisialta AE
- Teanga (Gaeilge agus Ultais)
- Dobharshaothrú agus Ábhair Mhuirí

1.4 Sainaithníodh gnéithe de sé Ábhar eile mar na cinn ina gcuirfeadh comhlachtaí atá ann cheana féin comhoibriú chun tosaigh i ngach dlínse ar leithligh:

- Talmhaíocht
- Oideachas
- Timpeallacht
- Sláinte
- Iompar
- Turasoireacht, lena n-áirítear Turasoireacht Éireann Teoranta

uile-oileáin agus trasteorann a bheidh le forfheidhmiú ag na Comhlachtaí Thuaidh/Theas. Maidir le haon fhorbairt bhreise ar na socruithe sin déanfar é sin trí chomhaontú sa Chomhairle agus le tacaíocht shonrach Thionól Thuaisceart Éireann agus an Oireachtais, faoi réir mhéid na n-inniúlachtaí agus na freagrachta atá ag an dá Chóras Riarachán.

1.5 Tháinig Rialtas na Breataine agus Rialtas na hÉireann ar Chomhaontú ina dhiaidh sin, ar bhunú na gComhlachtaí Thuaidh/Theas-

“An Comhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhunaíonn Comhlachtaí Forfheidhmithe,” a síníodh 8 Márta, 1999. (Comhaontú na Breataine - na hÉireann 8 Márta 1999”). Leag sé sin amach go foirmiúil feidhmeanna agus struchtúr na gComhlachtaí Thuaidh/Theas agus na comhshocruithe a bhaineann leo, agus tugadh éifeacht intíre dó, Thuaidh agus Theas, trí mhéan an Ordú (Tuaisceart Éireann) um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) 1999, agus Acht um Chomhaontú na Breataine - na hÉireann, 1999, faoi seach.

1.6 Comhdhéanann an 12 Ábhar na saincheistean sin ar ar féidir leis an Chomhairle cinntí a ghlacadh trí chomhaontú ar (a) bheartais a bheidh le forfheidhmiú ar leithligh i ngach dlínse agus ar (b) bheartais agus ar ghníomhaíocht ar leibhéal







## CAIBIDIL 2

### OIBRIÚ NA COMHAIRLE AIREACHTA THUaidH/THEAS

# FORMÁIDÍ CHRUINNITHE NA COMHAIRLE

2.1 Tagann CATT le chéile i roinnt Formáidí. Tagann sí le chéile i bhFormáid Iomlánach nuair a bhíonn toscaireacht Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann ann faoi cheannas an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire agus toscaireacht Rialtas na hÉireann faoi cheannas an Taoisigh agus an Tánaiste. Is é tasc an Chruinnithe Iomlánaigh suirbhé ginearálta a dhéanamh ar chomhoibriú ar an oileán agus ar na hinstidiúidí Thuaidh/Theas. Tháinig CATT le chéile i bhFormáid Iomlánach uair amháin sa bhliain 2002. Ba é sin in Ard Mhacha ar 28 Meitheamh.

2.2 Tagann CATT le chéile i bhFormáid Institiúideach chomh maith nuair a bhíonn an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire ag déanamh ionadaíochta d'Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus an tAire Gnóthaí Eachtracha ag déanamh ionadaíochta do Rialtas na hÉireann. Is é tasc na Formáide Iomlánaí saincheistanna institiúideacha agus crosearnáilacha a mheas, lena n-áirítear ábhair i ndáil leis an Aontas Eorpach agus chun easaontas a shocrú. Ní raibh aon chruinnithe CATT i bhFormáid Institiúideach sa bhliain 2002.

2.3 Tagann CATT le chéile i bhFormáid Earnáil chun comhoibriú a mhaoirsiú sna 12 Ábhar nó Earnáil, mar a cuireadh síos orthu i gCaibidil 1. Ag na cruinnithe sin, déanann an tAire a bhfuil freagracht na hEarnála sin air/uirthi ionadaíocht do Rialtas na hÉireann, fad is go ndéanann beirt Airí, arna gceapadh ag an Chéad-Aire agus an Leas-Chéad-Aire ar bhonn trasphobail, ionadaíocht do Riarachán

Thuaisceart Éireann; de ghnáth bíonn duine amháin acu ina Aire agus freagracht na hEarnála cuí air/uirthi laistigh den Fheidhmeannas. Tá sé sin ag teacht le riachtanais an Chomhaontaithe agus an Northern Ireland Act 1998 a deir go gcaithfidh an Feidhmeannas páirt a ghlacadh sa CATT ar dhóigh a chinntíonn go bhfuil daoine ón dá phobal páirteach ann. Bhí 17 cruinniú i bhFormáid Earnáil le linn 2002.

2.4 Glactar gach cinneadh de chuid CATT le comhaontú idir an dá thaobh sa Chomhairle.

## FEIDHMEANNA NA COMHAIRLE

2.5 Comhlíonann an Chomhairle roinnt feidhmeanna de réir Sraith Dó den Chomhaontú. Leagadh síos sa Chomhaontú iad mar a leanas:

- Déanfaidh sí faisnéis a mhalartú, déanfaidh sí plé agus rachaidh sí i gcomhairle d'fhonn comhoibriú ar ábhair chomhleasa atá laistigh d'inniúlacht an dá Chóras Riaracháin, Thuaidh agus Theas;
- Déanfaidh sí gach dícheall chun teacht ar chomhaontú maidir le combhbheartais a ghlacadh, i réimsí ina bhfuil comthairbhe trasteorann agus uile-oileáin i gceist, agus atá laistigh d'inniúlacht an dá Chóras Riaracháin, Thuaidh agus Theas, agus iarrachtaí daingne á ndéanamh chun aon easaontais a shárú;
- Déanfaidh sí cinntí a ghlacadh trí chomhaontú ar bheartais a bheidh le forfheidhmiú ar

leithligh i ngach dlínse ar leith, i réimsí suntasacha iomchuí atá laistigh d'inniúlacht an dá Chóras Riaracháin, Thuaidh agus Theas;

- Déanfaidh sí cinntí a ghlacadh trí chomhaontú ar bheartais agus ar ghníomhaíocht ar leibhéal uile-oileáin agus trasteorann a bheidh le forfheidhmiú ag na Comhlachtaí Thuaidh/Theas.

## COMHLACHTAÍ THUAIDH/THEAS

2.6 Feidhmíonn gach ceann de na sé Chomhlacht Thuaidh/Theas ar bhonn uile-oileáin. Cé go bhfuil raon soiléir cúraimí oibríochta acu, feidhmíonn gach ceann acu faoi threorú foriomlán na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas, le línte cuntasachta siar go dtí an Chomhairle agus go dtí an tOireachtas agus go Tionól Thuaisceart Éireann.

2.7 Is iad seo na Comhlachtaí:

Uiscebhéalaí Éireann

An Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia (BCCCSB)

An Foras Forbartha Trádála agus Gnó (Idir-Thradáil Éireann)

Foras na gClár Speisialta AE (FCSAE)

An Foras Teanga (tá dhá Ghníomhaireacht i gceist leis seo .i. Foras na Gaeilge agus Tha Boord o Ulster-Scotch)

Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann (CFCSÉ) (tá dhá Ghníomhaireacht i gceist leis seo .i. Gníomhaireacht na Lochanna agus Gníomhaireacht na Soilse)

2.8 I dtaca le trí cheann de na Comhlachtaí, Idir-Thradáil

Éireann, An Foras Teanga agus CFCSÉ, comhlíonann Bord, arna cheapadh ag CATT, feidhmeanna gach Comhlacht. Tá Bord Comhairleach, arna cheapadh ag CATT chomh maith, ag Comhlacht eile, BCCCSB. Ina chás-sa, comhlíonann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna an Chomhlachta. Níl aon Bhoird ag an dá Chomhlacht eile, Uiscebhéalaí Éireann agus FCSAE; i ngach ceann de na cásanna seo, comhlíonann Príomhfheidhmeannach feidhmeanna an Bhoird.

2.9 Maoinítear na Comhlachtaí Thuaidh/Theas ó dheontais a chuireann an dá Chóras Riaracháin ar fáil, Thuaidh agus Theas. Féadfaidh na Comhlachtaí foireann a fhostú nó féadfaidh seirbhísí daoine eile a fhostú ar mhaithe le sainchuspóirí. Nuair a bhíothas ag gabháil do na Comhlachtaí a bhunú ag an tús, bhí státseirbhísigh ag obair iontu agus iad ar iasacht óna gcuid príomhranna, Thuaidh agus Theas. Mar sin féin, bhí na Comhlachtaí ag fostaí foirne a earcaíodh go díreach chomh maith.

2.10 Leagtar amach níos mó faisnéise faoi obair na gComhlachtaí Thuaidh/Theas i gCaibidil 4.

## ÁBHAIR LE HAGHAIDH COMHOIBRIÚ

2.11 Comhaontaíodh go mbeadh comhoibriú ann sna hÁbhair seo a leanas agus comhaontaíodh go ndéanfaidh CATT breithniú tosaigh ar na gnéithe seo chomh maith:

- Iompar: pleanáil straitéiseach agus comhoibriú trasteorann a fhorbairt (cé go mbainfeadh comhoibriú le pleanáil bóithre agus iarnród go príomha, chuirfeadh sé saincheisteanna san áireamh a

thiocfadh aníos in earnálacha calafort agus aerfort), agus sábháilteacht bóithre agus iarnród.

- Talmhaíocht: plé a dhéanamh ar shaincheistean a bhaineann leis An Chomhbheartas Talmhaíochta, polasaithe um sláinte na n-ainmhithe agus na bplandaí agus taighde agus forbairt tuaithe.
- Oideachas: oideachas do pháistí faoi riachtanais speisialta (m.sh. uathachas, lagú éisteachta), tearcghnóthachtálaíocht oideachais, cáilíochtaí múinteoirí agus malartuithe scoileanna, ógra agus múinteoirí;
- Sláinte: pleanáil timpistí agus eigeandála, seirbhísí eigeandála, comhoibriú ar threalamh ard-teicneolaíochta, taighde ar ailse agus cothú sláinte;
- Timpeallacht: taighe ar chosaint na timpeallachta, bainistíocht ar cháilíocht an uisce agus bainistíocht dramhaíola i gcomhtéacs trasteorann;
- Turasóireacht: comhaontaíodh go mbunófaí cuideachta phoiblí theoranta chun oileán na hÉireann a mhargú thar saile mar cheann scribe turasóireachta.

2.12 Leagtar amach faisnéis bhreise faoi obair na Comhairle sna réimsí seo i gCaibidil 4.

2.13 Nuair a cuireadh Tionól Thuaisceart Éireann ar fionraí ar 14 Deireadh Fómhair 2002, rinneadh comhaontú idir Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine agus Thuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann agus bhí sé sin le fáil i malartú nótaí arna ndátú 19 Samhain 2002. Chuir an comhaontú seo meicníocht ar fáil le haghaidh cinntí a bheadh le glacadh ar bheartais agus ar ghníomhaíocht

a bhaineann leis na Comhlachtaí Forfheidhmithe agus Turasóireacht Éireann fad is go mbeadh an Tionól curtha ar fionraí.

2.14 Measadh go raibh sé riachtanach socrú a dhéanamh ionas gurbh fhéidir cinntí bunriachtanacha a ghlacadh chun leanúnachas a chinntiú sna seirbhísí sin arna soláthar ag na Comhlachtaí Forfheidhmithe. Ní ghlactar ach na cinntí sin a bhfuil gá leo chun cúram ceart agus cothabháil Thurasóireacht Éireann agus na gComhlachtaí Forfheidhmithe a chinntiú i bhfeidhmíocht a gcuid feidhmeanna poiblí riachtanacha faoi Nósanna Imeachta Eatramhacha, mar a thugtar orthu. Ní leanann an dá Rialtas ar aghaidh ach leis na beartais agus na gníomhaíochtaí a comhaontaíodh cheana féin sa Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus ní thugann siad isteach aon bheartais nua. Tugann an comhaontú le fios go soiléir "Nach mbronnfar aon fheidhmeanna nua ar na Comhlachtaí Forfheidhmithe". Téann an dá rialtas i gcomhairle lena chéile mar is cuí i bhfeidhmiú na gcumhachtaí sin chun a chinntiú go mbíonn rialachas maith, ar bhonn leanúnach, ag na Comhlachtaí Forfheidhmithe agus ag Turasóireacht Éireann.

## COMHRÚNAIREACHT NA COMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH/THEAS.

2.15 Tacaíonn buan-chomhrúnaireacht le hobair na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas, agus tá comhaltaí de Státseirbhís Thuaisceart Éireann agus de Státseirbhís Rialtas na hÉireann mar fhoireann aici.  
- Féach Cibidil 5.



CAIBIDIL 3

CRUINNIÚ CATT I  
BHFHORMÁID IOMLÁNACH

# CRUINNIÚ IOMLÁNACH CATT



- 3.1 Tháinig an Chomhairle le chéile i bhFormáid Iomlánach in Óstán Chathair Ard Mhacha, Ard Mhacha, 28 Meitheamh. Ag an chruinniú seo, an ceathrú Cruinniú Iomlánach, bhí The Rt. Hon David Trimble MP, MLA agus LeasChéad-Aire, An tUas. Mark Durkan, MLA i gceannas ar thoscaireacht Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann, agus rinne an bheirt acu comhchathaoirleacht ar an chruinniú. Ba é an Taoiseach, Bertie Ahern TD, a bhí i gceannas ar thoscaireacht Rialtas na hÉireann.

## Gníomhaíochtaí

- 3.2 D'athbhreithnigh an Chomhairle clár an chomhoibríthe, clár a mhaoirsionn sí agus mheas sí roinnt moltaí sonracha.
- 3.3 Thug an Chomhairle aitheantas do Thuarascáil Bhliantúil 2001 ar gníomhaíochtaí na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas. Chomh maith leis sin, fuair an

Chomhairle tuarascáil ar dhul chun cinn na hoibre a rinne CATT ina cruinnithe earnaíleacha idir 1 Eanáir 2002 agus 14 Meitheamh 2002. Chuala an Chomhairle tuairiscí ar an obair luachmhar atá á déanamh sna hearnálacha éagsúla. Tá an dá thaobh ag dúil le níos mó buntáistí inláimhsithe a sholáthar don dá dlinse.

## Fóram Comhairleach Thuaidh/Theas

- 3.4 Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir leis an struchtúr ginearálta a bheas ag Fóram Comhairleach Thuaidh/Theas. Beidh comhdháil ann dhá uair sa bhliain, ag a mbeidh ionadaithe ón tsochaí sibhialta, Thuaidh agus Theas. Bheadh grúpa stiúrtha ó Fhóram Saoránaíochta Thuaisceart Éireann agus na comhpháirtithe sóisialta sa Deisceart ag glacadh páirte sa Mheicníocht um Athbhreithniú Lárnach maidir leis

an Chlár um Rathúnas agus Cothroime freagrach as an phleanáil agus an eagrú a bhaineann leis an chéad chomhdháil, agus iad i dteagmháil leis an dá chóras riaracháin. Tabharfaidh an grúpa stiúrtha cuireadh d'ionadaithe ó réimse eagraíochtaí ábhartha, Thuaidh agus Theas, chun páirt a ghlacadh sna comhdhála.

## Fóram Parlaiminteach Thuaidh/Theas

- 3.5 Cé go n-aithníonn an Chomhairle go mbaineann aon fhorbairt de ChomhFóram Parlaiminteach le Tionól Thuaisceart Éireann agus Tithe an Oireachtais, chomhaontaigh an Chomhairle gur chóir d'fheidhmeannaigh ón dá riarachán dul i dteagmháil le feidhmeannaigh sna hinstiúidí tofa agus tuairisc a thabhairt don chéad Chruinniú Iomlánach eile.

## Ábhair Chomhoibrithe

- 3.6 Chomhaontaigh an Chomhairle gur chóir do na hAirí iomchuí in earnáileacha CATT faoi seach breithniú ar cé acu bhí nithe ag titim nó nach raibh d'ábhair chomhoibrithe atá ann cheana féin, nithe a d'fhéadfaí cur isteach sa chlár oibre a bheidh ann sa todhcháil sna hábhair sin. Chomhaontaigh Airí freisin go scrúdódh an Chomhairle moltaí maidir le comhoibriú Thuaidh/Theas atá ag dul ar aghaidh faoi láthair taobh amuigh CATT. Chomh maith leis sin, chomhaontaigh an Chomhairle go raibh seans ann go mbainfí tairbhe as comhoibriú i réimsí mar infheistíocht straitéiseach / bonneagar (lena n-áirítear saincheistanna straitéiseacha iompair). D'admhaigh an Chomhairle go mbeadh tacaíocht shonrach Thionól Thuaisceart

Éireann agus Thithe an Oireachtais de dhíth ar aon leathnú ar chlár oibre CATT mar atá faoi láthair.

## Comhoibriú ar Chúrsaí An Aontais Eorpaigh

- 3.7 Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann leis an Aontas Eorpach (AE) don dá dhlínse, agus dá thairbhe sin, chinn an Chomhairle go bhféadfaidh Airí ag an chéad chruinniú eile de CATT i ngach earnáil breithniú a dhéanamh ar dhiminsiún AE ar chomhoibriú Thuaidh/Theas san earnáil sin, agus gur chóir do Ghrúpa Oibre AE measúnú foriomlán a thabhairt chun tosaigh, measúnú ar shaincheistanna AE a d'fhéadfadh a theacht aníos. Déanfar tuilleadh breithnithe ar an dóigh ar féidir tuairimí na Comhairle a chur i láthair go cuí ag cruinnithe AE.

## Constaicí ar Shoghluaisteacht Trasteorann.

- 3.8 Bhreithnigh an Chomhairle ar mholtaí maidir le Constaicí ar Shoghluaisteacht Trasteorann ar oileán na hÉireann. Rinne sainchomhairleoirí staidéar ar an ábhar sin agus foilsíodh an cinneadh ní ba luaithe sa bhliain, agus bhí comhlairliúchán forleathan poiblí ann ina dhiaidh sin.
- 3.9 Bhí an Chomhairle sásta tabhairt faoi deara gur forfheidhmíodh roinnt moltaí cheana ó coimisiúnaíodh an staidéar agus an próiseas comhairliúcháin. Mar fhreagairt ar mholtaí ar an deacracht a bhaineann le faisnéis a fháil faoi shaincheistanna i ndáil le soghluaisteacht trasteorann, chomhaontaigh an Chomhairle láithreán gréasáin a

bhunú, a chuirfeadh faisnéis chuimsitheach ar fáil a mbeidh daoine ábalta teacht uirthi go furasta. Chinn an Chomhairle gur chóir do Ranna Rialtais iomchuí breithniú a dhéanamh ar mholtaí sna hábhair seo a leanas: Oideachas agus Oibriú, Sláinte agus Pinsin agus ba chóir do na Ranna sin mionmholtaí a thabhairt chun tosaigh faoina bhforfheidhmiú, costais san áireamh. Mar aon leis sin, chomhaontaigh an Chomhairle gur chóir d'fheimeannaigh ón dá dhlínse tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar mholtaí eile.

## Soilse na hÉireann

- 3.10 Rinne an Chomhairle breithnú ar na forálacha sa Chomhaontú a bhunaíonn na Comhlachtaí Thuaidh/Theas maidir le feidhmeanna a aistriú, feidhmeanna a chomhlíonann Coimisinéirí Shoilse na hÉireann faoi láthair, go dtí Coimisiún an Fheabhail, Chairlín agus Shoilse na hÉireann. Thug an Chomhairle faoi deara go bhfuil sainsheisteanna casta i gceist lena leithéid d'aistriú agus d'iarr sí ar na hAirí agus na Ranna iomchuí, Thuaidh agus Theas, na féidearachtaí malartacha a scrúdú mar bheart práinne agus moltaí a thabhairt ar ais chuig an Chomhairle.

## Lóistín CATT

- 3.11 Thug an Chomhairle aitheantas do Bhreithmheas Eacnamaíoch a críochnaíodh ar na mallaibh ar na roghanna atá ann maidir le loistín do Chomhrúnaireacht CATT in Ard Mhacha agus chomhaontaigh an Chomhairle gur chóir don dá dhlínse breithniú a dhéanamh ar na moltaí seo agus iad i dtadhall le foireann an chomhfhiontair

agus iad a tharraingt anuas i gcruinniú eile den Chomhairle amach anseo.

## Láithreán Gréasáin CATT

- 3.12 Sheol an Chéad-Aire, LeasChéad-Aire agus an Taoiseach an láithreán gréasáin do Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas. Is í an aidhm atá ag an láithreán gréasáin ná go mbeidh sé mar a bheadh chéadphointe teagmhála ann dóibh siúd a bhfuil suim acu teacht ar níos mó faisnéise faoin Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus an obair a dheanann sí. Is féidir teacht ar an láithreán gréasáin ag [www.northsouthministerialcouncil.org](http://www.northsouthministerialcouncil.org).
- 3.13 Tá liosta na nAirí a d'fhreastail ar an Chruinniú Iomlánach leagtha amach in Aguisín 1.





CAIBIDIL 4

CRUINNITHE EARNÁILEACHA CATT

# CRUINNITHE EARNÁILEACHA & GNÍOMHAÍOCHTAÍ CATT

## INTREOIR

- 4.1.1 Cuireann an Chaibidil seo achoimre ar fáil ar an obair a rinne CATT i bhFormáid Earnáileach le linn 2002. Tá liosta na nAirí a d'fhreastail ar na cruinnithe ar fáil in Aguisín 2.

## AN EARNÁIL UM FHORBAIRT TRÁDÁLA AGUS GNÓ



### FORAS FORBARTHA TRÁDÁLA AGUS GNÓ - IDIR- THRÁDÁIL ÉIREANN

- 4.2.1 Tagann an Chomhairle le chéile san Earnáil um Fhorbairt Trádála agus Gnó ar mhaithe le cinní a ghlacadh i dtaca le beartais agus gníomhaíocht a bheidh le forfheidhmiú ag an Fhoras Forbartha Trádála agus Gnó - Idir-Thrádáil Éireann. Bhí dhá chruinniú den CATT san Earnáil Forbartha Trádála agus Gnó sa

bhliain 2002. Bhí na cruinnithe sin ar siúl i Luimneach ar 23 Eanáir agus i mBéal Feirste ar 26 Meitheamh.

- 4.2.2 Is é an Dr. Martin Naughton an té a dhéanann cathaoirleach ar Bhord Idir-Thrádáil Éireann agus is é Barry Fitzsimons an Leaschathaoirleach. Tá comhaltai an Bhoird leagtha amach in Aguisín 5.

## FEIDHMEANNA/ AIDHMEANNA

4.2.3 Is é bunchuspóir Idir-Thrádáil Éireann, mar atá ráite sa Phlean Corparáideach s'aige 2002-2004, "forbairt gheilleagrach an oileáin a threorú trí mheán ionchuir shoaitheanta, bunaithe ar an eolas, a mbeidh torthaí suntasacha orthu, i réimsí na trádála agus gnó trasteorann." Is é an sprioc foriomlán atá aige ná forbairt thrádála agus ghnó Thuaidh/Theas a chur chun cinn. Chun é sin a bhaint amach tá Idir-Thrádáil Éireann ag obair chun cumas gnónna a fhorbairt ionas go mbeidh said ábalta trádáil ar bhonn uile-oileáin tríd an stoc eolais agus faisnéise atá de dhíth ar ghnónna agus ag lucht déanta polasaithe a mhéadú, agus trí sruth an eolais sin a fheabhsú dóibh siúd atá ábalta úsáid a bhaint as chun luach a chruthú.

4.2.4 Faoi stiúr foriomlán polasaithe CATT, comhoibríonn Idir-Thradáil Éireann leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistiúcháin, Béal Feirste, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Baile Átha Cliath agus leis na gníomhaireachtaí forbartha atá ann cheana féin, Thuaidh agus Theas.

4.2.5 Mar aon leis sin, tá sé mar aidhm ag Idir-Thrádáil Éireann iomaíocht fhiontraíochta a fheabhsú i gcomhthéacs Thuaidh/Theas i réimsí mar infhaighteacht scileanna, telecoms, teicneolaíocht na faisnéise agus tráchtáil leictreonach.

## Gníomhaíochtaí

4.2.6 Bhí cruinniú ag an Chomhairle san Earnáil seo ar 23 Eanáir agus seo a leanas na nithe a rinne sí:

- d'fhaomh sí Plean Oibriúcháin Idir-Thrádáil Éireann don bhliain 2002;

- d'fhaomh sí scéim Chúnamh Airgeadais Idir-Thradáil Éireann;

- thug sí aitheantas do thuarascáil eatramhach le PriceWater-HouseCoopers ar Sholáthar Poiblí ar oileán na hÉireann.

4.2.7 Bhí cruinniú ag an Chomhairle san Earnáil seo ar 26 Meitheamh agus seo a leanas na nithe a rinne sí:

- d'fhaomh sí i bprionsabal an creat a bhaineann le coincheap an Oileáin Digitigh a fhorbairt;

- thug sí aitheantas do pháipéar ar an acmhainneacht a bhaineann le comhoibriú breise i réimse na hEolaíochta agus Teicneolaíochta;

- thug sí aitheantas do chreatPhlean Oibriúcháin Idir-Thrádáil Éireann don bhliain 2003;

- d'fhaomh sí an Scéim Mheastóireachta atá beartaithe ag Idir-Thrádáil Éireann maidir le Cruthúnas Foirne.

- thug sí aitheantas d'Athbhreithniú Bliantúil Idir-Thrádáil Éireann ar Gníomhaíochtaí agus Chuntais Bhliantúla 2001.

4.2.8 Cuireann Plean Oibriúcháin Idir-Thrádáil Éireann don bhliain 2002 síos ar thionscadail a dhéanfaí le linn 2002 mar an chéad chuid de Phlean Corparáideach an Fhorais 2002-2004. Mhol an Plean Oibriúcháin mórchlár ghníomhaíochta a bhí bunaithe ar choincheap an eolais, mar a bhaineann sé le trí Fhearann an Eolais - Caipiteal an Eolais, Bealaí an Eolais agus Carraeirí an Eolais. Bhí tionscadail sa Phlean a chuirfeadh ginniúint, scaipeadh

- agus saothrú an eolais chun cinn mar aon leis an saineolas atá ag teastáil ó ghnónna agus lucht déanta polasaithe chun trádáil uile-oileáin, forbairt ghnó agus comhoibriú eacnamaíoch a mhéadú. Agus í ag tabhairt aitheantais do Phlean Oibriúcháin Idir-Thrádáil Éireann, d'iarr an Chomhairle go gcuirfeadh sé an bhéim ar eochair-thionscadail inlámhsithe nach mbeadh ag teacht salach ar gníomhaíochtaí atá beartaithe ag gníomhaireachtaí eile a thacaíonn le fiontar.
- 4.2.9 Próiseas láidir do mheasúnú, do mhonatóireacht agus do mheastóireacht ar mholtaí a thagann ó thríú páirtí le haghaidh cúnaimh airgeadais, i gcás nach bhfuil na hacmhainní airgeadais ag an tionscnóir, tionscadal a chur chun tosaigh; sin an toradh atá ar mholtaí Idir-Thrádáil Éireann i dtéarmaí Scéim um Chúnamh Airgeadais a bheith ann. Caithfidh go mbeidh na tionscadail ábalta cuidiú i ndáiríre le cuspóirí straitéiseacha Idir-Thrádáil Éireann a chur i gcrích. Chomh maith leis sin, thug na hAiri aitheantas do thuarascáil eatramhach le PriceWater-HouseCoopers, ar Sholáthar Poiblí ar oileán na hÉireann.
- 4.2.10 Le linn 2002 chuir Idir-Thrádáil Éireann níos mó ná 30 tionscnamh uile-oileáin i gcrích fad is gur mhéadaigh sé a inniúlacht agus cumas eagrúcháin ag an am céanna, próiseas a bhain le foireann nua a earcú agus a cheanncheathú nua a oscailt go hoifigiúil in Iúr Cinn Trá.
- 4.2.11 Seo a leanas na tionscnaimh uile-oileáin ba thábhachtaí de chuid Idir-Thrádáil Éireann sa bhliain 2002:
- Clár um Líonra Cothromais- ag cur le feasacht agus dúshaothrú úsáid an chothromais phríobhaidigh chun fás cuideachta a mhaoiniú, go háirithe san earnáil a bhaineann le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide ar fud an oileáin;
  - FUSION - tionscadal uile-oileáin um aistriú teicneolaíochta ag ceangal cuideachtaí i ndlínse amháin le hinstítúidí taighde sa dlínse eile trí cheimithe eolaíochta agus teicneolaíochta a lonnú laistigh de chuideachtaí chun tairgí agus próisis nua a fhorbairt;
  - FOCUS - struchtúr agus meicníocht uile-oileáin chun deiseanna margaíochta agus díolacháin a mhéadú trí úsáid a bhaint as socrúcháin do cheimithe chun deiseanna nua margaíochta a aithint.
  - Samhail Ghnó Uile-Oileáin- Mar chuid den tionscadal sin beidh an An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, Comhairle Thuaisceart Éireann um Thaighde Eacnamaíochta, An Lároifig Staidrimh, Brainse na Stáitisticí sa Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta gníomhach i seachadadh na faisnéise nua staitisticúla ar thrádáil trasteorann agus na treochtaí a bhaineann leis.
  - ACUMEN - ag cur tionscadal ar bun chun foireann comhairleachta agus foireann a thacóidh le díolacháin a chur ar fáil d'fhiontair bheaga agus meánmhéide, chun cuidiú leo a leibhéal trádála trasteorann a mhéadú;
  - Eolaíocht & Teicneolaíocht-gréasáin agus acmhainní a thógáil i measc na bpobal eolaíoch, teicneolaíoch agus airgeadas chun cuidiú le fiontraithe tuiscint a fháil ar na buntaistí a bhaineann le gaolmhaireachtaí nua a chruthú agus bealaí nua a chruthú le gnó a dhéanamh;

- Seirbhísí um Fhaisnéis Ghnó seirbhísí um fhaisnéis ghnó ar luach níos airde a sholáthar do ghnónna Thuaidh agus Theas;
  - Oileán Digiteach- Creatlach beartas atá deartha chun an saothrú is mó de theicneolaíochtaí digiteacha a thionscnú mar thacú le trádáil agus forbairt ghnó a mhéadú ar an oileán;
- Éireann páirt thábhachtach in earnáil na biteicneolaíochta ag Cruinniú Mullaigh Ghnó SAM/Éire a bhí ar siúl in Washington i Meán Fómhair 2002.
- 4.2.15 Tá níos mó faisnéise ar Idir-Thrádáil Éireann le fáil ar láithreán gréasáin an Fhorais [www.intertradeireland.com](http://www.intertradeireland.com)
- 4.2.12 Chuir tionscnaimh eile an fócas ar sholáthar poiblí le GO-SOURCE.COM, eolaire uile-oileáin a bhaineann le deiseanna soláthar poiblí; fóram tagarmhairc uile-oileáin a bhfuil sé mar aidhm aige cuidiú le Fiontair Bheaga agus Meánmhéide a gcumas agus a mbrabúsacht a fhorbairt; agus cumas biteicneolaíochta ar an oileán a mhapáil.
- 4.2.13 Tháinig meadú ar chaipiteal an eolais chomh maith trí chlár cuimsitheach taighde um pholasaithe geilleagracha agus gnó, clár a áiríonn réiteach na trádála trasteorann agus staitisticí a bhaineann leis sin, tuarascálacha earnáileacha agus staidéir ar chásanna. Éascaíodh comhordú, gabháil agus craobhscaoileadh an stoc eolais sin, trí Ionad Acmhainní Faisnéise agus Láithreán gréasáin Idir-Thrádáil Éireann a fhorbairt.
- 4.2.14 Chruthaigh sraith duaiseanna, comhdhálacha agus seimineár; mar shampla, duaiseanna trádála uile-oileáin, comhdháil uile-oileáin ar chothromas um chaipiteal fiontair ag a raibh níos mó ná 300 ionadaí ó thionscal na seirbhísí airgeadais, agus ceithre fhóram ar Ghó Thuaidh/Theas, chruthaigh siad deiseanna líonraithe ar bhonn uile-oileáin agus chuir siad leis an eolas, faisnéis agus feasacht ar thrádáil a dhéanamh sa dlínse eile. Lena chois sin, ghlac Idir-Thrádáil

## SÁBHÁILTEACHT BIA



### AN BORB UM CHUR CHUN CINN SÁBHÁILTEACHTA BIA

- 4.3.1 Tagann an Chomhairle le chéile san Earnáil um Shábháilteacht Bia ar mhaithe le cinntí a ghlacadh ar pholasaithe agus beartais a bheidh le forfheidhmiú ag an Bhord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia (BCCCSB). Tháinig an Chomhairle le chéile dhá uair san Earnáil um Shábháilteacht Bia i 2002. Bhí na cruinnithe sin ar siúl ar 27 Feabhra agus ar 28 Meitheamh.
- 4.3.2 Is é príomhchúram an Bhoird um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia, sábháilteacht bia a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do chomhoibriú eolaíochta Thuaidh/Theas agus nascanna idir institiúidí, a oibríonn sa réimse sábháilteachta bia, a chothú. Tá Bord Comhairleach 12 ball aige, arna ainmniú ag CATT. Déanann an tUas. Bertie Kerr cathaoirleach ar an Bhord agus tá an tOllamh Charlie Daly mar Leaschathaoirleach air. (Tá baill an Bhoird leagtha amach in Aguisín 5)

### FEIDHMEANNA/ AIDHMEANNA

- 4.3.3 Feidhmíonn an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia faoin aitheantóir branda 'Biaslán', agus tá trí stiúrthóireacht i gceist leis; Eolaíoch agus Teicniúil, Margaíocht agus Cumarsáid, agus Pleanáil agus Acmhainní. Cinntíonn an struchtúr sin go bhfuil go leor acmhainní ag an Chomhlacht agus go bhfuil na tacaí riachtanacha ann chun na cláir a fhorbairt agus a chur i gcrích, cláir a thacaíonn lena téarmaí tagartha agus lena bhunchuspóir a fhorfheidhmiú.
- 4.3.4 Comhlíonann an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia a ról trí fheachtais phoiblí, comhdhálacha, gairmithe agus an pobal i gcoitinne a thraenáil agus comhairle a thabhairt dóibh. Lena chois sin, tugann sé tacaíocht do chomhoibriú eolaíochta trasteorann, agus nascanna idir institiúidí a oibríonn sa réimse sábháilteachta bia - saotharlanna, gníomhaireachtaí reachtúla infórsa sábháilteachta bia, forais taighde baile agus idirnáisiúnta. Tá de dhualgas fosta ar an Bhord forbairt a dhéanamh ar thrialliú speisialta saotharlainne arbh fhiú

a luach é. Chomh maith leis sin, tá ról ag an Bhord mar sholáthóir neamhspleách measúnú eolaíoch ar nithe a bhaineann le sábháilteacht bia. Tá an comhoibriú trasteorann sna réimsí seo uile, idir eagraíochtaí a shaothraíonn sna réimsí seo, lárnach d'obair an Bhoird.

## Gníomhaíochtaí

4.3.5 Bhí cruinniú ag an Chomhairle san Earnáil seo ar 27 Feabhra agus seo a leanas na nithe a rinne sí:

- thug sí aitheantas do Thuarascáil Bhliantúil BCCCSB agus Ráitis Airgeadais, a chlúdaíonn an tréimhse Mí na Nollag 1999 - Mí na Nollag 2000;
- d'fhaomh sí méadú i mballraíocht Choiste Comhairliúcháin Eolaíoch BCCCSB go dtí 18, trí cheapachán na n-ainmnithe ón Údarás um Shábháilteacht Bia in Éirinn (USBÉ) agus an Áisíneacht um Chaighdeán Bhia i dTuaisceart Éireann (ACBTÉ);
- d'fhaomh sí socruithe luach saothair do bhaill fhoirne seachas an príomhoifigeach feidhmiúcháin.

4.3.6 Bhí cruinniú ag an Chomhairle san Earnáil seo ar 28 Meitheamh 2002 agus seo a leanas na nithe a rinne sí:

- d'fhaomh sí dréachtStraitéis Corpóraideach BCCCSB le haghaidh 2002-2004;
- d'fhaomh sí dréachtPhlean Nua Gníomhaíochta BCCCSB a Dhíríonn ar Riachtanais Shóisialta.
- d'fhaomh sí dréachtScéim Chomhionannais BCCCSB (foirm leasaithe) sula gcuirfí faoi bhráid an Choimisiúin um Chomhionannais í ar mhaithe lena faomhadh.

4.3.7 Ag na cruinnithe a bhí ag an Chomhairle san Earnáil seo, fuair sí tuarascálacha ó bhéal ó Phríomhfheidhmeannach Eatramhach BCCCSB a dhírigh ar an dul chun cinn a rinne an Bord. Cuid de na nithe a clúdaíodh sna tuarascálacha sin ná earcú foirne, loistín, obair an Choiste Comhairliúcháin Eolaíoch, comhaltachtaí taighde, nascálacha saotharlanna, tadhall le gníomhaireachtaí eile sa réimse sábháilteachta bia Thuaidh agus Theas, seoladh láithreán gréasáin an Fhorais, saincheisteanna cumarsáide, cothú, faire agus tionscnaimh oideachasúla.

4.3.8 Seo a leanas cuid de na gníomhaíochtaí a raibh BCCCSB páirteach iontu i rith na bliana:

- Choimisiúnaigh BCCCSB roinnt tionscadal taighde chun teacht ar thuiscint níos fearr ar na tosca a théann i bhfeidhm ar iompraíocht tomhaltóirí agus chun na bealaí is eifeachtúla a fhorbairt maidir leis na saincheisteanna agus an fhaisnéis a bhaineann le sábháilteacht bia a chur in iúl. Bhí comhoibriú le taighdeoirí i Sasana mar aon le comhoibriú Thuaidh/Theas mar chuid den taighde seo;
- Cuireadh Eolaire ar Sheirbhísí Saotharlanna le chéile, agus is é an aidhm a bhí leis sin ná forbheathnú a chur ar fáil ar na seirbhísí anailíseacha atá ann cheana féin ó thaobh sábháilteacht bia de, arna soláthar ag gníomhaireachtaí oifigiúla, comhlachtaí poiblí neamhrannacha/gníomhaireachtaí stáit agus saotharlanna príobháideacha údaraithe ceadaithe ar oileán na hÉireann;
- Mar chuid dá fhreagracht faire trasteorann a chur chun cinn, d'éascaigh an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia

grúpa saineolach chun athbhreithniú a dhéanamh ar an fhaire a dhéantar ar ghalair bhia-iompartha. Foilsíodh páipéar comhairliúcháin 'I dTreo Faire ar Ghalair Bhia-Iompartha a Fheabhsú' agus tuarascáil 'Faire ar Shábháilteacht Bia Miocróbach ar Oileán na hÉireann' agus dáileadh chuig gairmithe sláinte phoiblí agus gníomhaireachtaí ar fud oileán na hÉireann iad. Tá an Coiste Comhairleach Eolaíochta ag déanamh athbhreithniú ar na ráitis a tháinig aníos sa phróiseas comhairliúcháin;

I Márta 2002, d'fhoilsigh BCCCSB tuarascáil "Athbhreithniú ar na héifeachtaí Sláinte a bhaineann le Deochanna Spreagthacha". Rinneadh an staidéar i ndiaidh don Roinn Sláinte agus Leanai iarratas a dhéanamh i Samhain 2000 go ndéanfaí athbhreithniú ar na héifeachtaí féideartha ar an phobal mar gheall ar dheochanna spreagthacha a ól, bearnaí eolais a mheas agus breithniú a dhéanamh ar aon chéimeanna a bheadh de dhíth chun cosaint chuí a chur ar fáil ar mhaithe le sláinte phoiblí;

- Mar chuid den tSeachtain Sábháilteachta Bia i dTuaisceart Éireann, chuaigh BCCCSB i mbun an fheachtais shamhraidh "Cogaíocht Frídíní" in éineacht le Gníomhaireacht um Chaighdeán Bhia, Tuaisceart Éireann. Thacaigh 26 comhairle ceantair leis sin, agus chuir an fhormáid teachtaireachtaí oideachasúla agus sláinteachais in iúl ar bhealach a chuir an pobal ag smaoineamh go gníomhach;
- Cuireadh tús le feachtas mór fógraíochta i dTuaisceart Éireann arna pháirtmhaoiniú i dTuaisceart Éireann ag BCCCSB agus an Gníomhaireacht um Chaighdeán Bhia, chun feasacht a mhéadú go

mór agus an riosca a bhaineann le nimhiú bia a laghdú i mbialanna agus in asraonta eile bia. Ag an tús cuireadh an bhéim ar lucht lónadóireachta, agus bhí fógraí de chuid an fheachtais ar an teilifís, ar an raidió, i nuachtáin agus in irisí trádála.

4.3.9 Bhunaigh feachtais fhógraíochta nasc soiléir chuig BCCCSB mar fhoinsé na faisnéise udaráis ó thaobh sábháilteachta bia de agus thug siad poiblíocht d' uimhreacha Líne Cabhbraí Biaslán. Is léir go bhfuil tionchar ag an fheachtas; faigheann Líne Cabhbraí Biaslán 400 scairt in aghaidh na míosa faoi láthair. Tapaítear gach deis chun suntas a thabhairt don Líne Cabhbraí mar fhoinsé faisnéise iontaofa don phobal trí fhógraíocht, ábhair eagarthóireachta agus ábhair le haghaidh nithe a chur chun cinn.

4.3.10 Tá níos mó faisnéise ar BCCCSB le fáil ar láithreán gréasáin an Chomhlachta [www.safefoodonline.com](http://www.safefoodonline.com)



## AN EARNÁIL UM DHOBHARSHAOTHRÚ AGUS ÁBHAIR MHUIRÍ



### COIMISIÚN AN FHEABHAIL, CHAIRLINN AGUS SHOILSE NA HÉIREANN

- 4.4.1 Tagann an Chomhairle le chéile san Earnáil um Dhobharshaothrú agus Ábhair Mhuirí ar mhaithe le cinntí a ghlacadh ar bheartais agus ar ghníomhaíocht a bheidh le forfheidhmiú ag Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann (CFCSÉ). Tháinig an Chomhairle le chéile dhá uair san earnáil sin sa bhliain 2002. Bhí na cruinnithe ar siúl ar 1 Feabhra agus ar 15 Aibreán.
- 4.4.2 Comhlíonann CFCSÉ a chuid feidhmeanna trí dhá ghníomhaireacht. Déantar obair an Choimisiúin i dtaca le limistéir an Fheabhail agus Chairlinn trí ghníomhaireacht ar a dtugtar Gníomhaireacht na Lochanna. Ghlac Gníomhaireacht na Lochanna ionad Choimisiún Iascaigh an Fheabhail. Bhí sé beartaithe chomh maith go mbeadh CFCSÉ ina Údarás Ginearálta um Thithe Solais d'oiléán na hÉireann. Faoi láthair titeann an dualgas sin ar Choimisineirí Shoilse na hÉireann agus caithfidh siad cuntas a thabhairt don Roinn Iompair, Rialtais Áitiúla agus na Réigiún RA, mar lontaobhach Chiste Ginearálta na dTithe Solais. Faoi na forálacha cuí, bhéarfaí reachtaíocht Breataineach agus Éireannach chun tosaigh ar mhaithe le feidhmeanna Choimisineirí Shoilse na hÉireann a aistriú go CFCSÉ agus ina dhiaidh sin comhlíonfaí na feidhmeanna sin trí ghníomhaireacht de chuid CFCSÉ, darb ainm Gníomhaireacht na Soilse.
- 4.4.3 Go dtí seo níor éirigh leis na hiarrachtaí feidhmeanna Choimisineirí Shoilse na hÉireann a aistriú go dtí CFCSÉ, beart ar tugadh údarás dó i gComhaontú na Breataine-na hÉireann agus a bhunaíonn CFCSÉ. Tá saincheisteanna casta i gceist agus is gá go ndéanfar leasuithe, trí mheán reachtaíocht RA, ar an Merchant Shipping Act, 1995.

- 4.4.4 Pléadh an t-ábhar seo ag Cruinniú Iomlánach CATT ar 28 Meitheamh. D'aithin an Chomhairle go bhfuil saincheistanna fite fuaite ina leithéid d'aistriú agus d'iarr ar Airí agus Ranna cuí, Thuaidh agus Theas, scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí malartacha mar bheart práinne agus moltaí a thabhairt ar ais chuig an Chomhairle.
- 4.4.5 Tá plé ag dul ar aghaidh idir an dá Rialtas ar bhonn leanúnach agus na Ranna cuí i dTuaisceart Éireann chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna reachtacha, corporáideacha agus airgeadais a bhaineann leis.
- 4.4.6 Tá Bord 12 comhalta ag CFCSE arna n-ainmniú ag CATT. Is é an tUas. Peter Savage Cathaoirleach an Choimisiúin agus is é Lord Cooke of Islandreagh an Leaschathaoirleach. Tá ballraíocht an Choimisiúin leagtha amach in Aguisin 5.

## GNÍOMHAIREACHT NA LOCHANNA

### FEIDHMEANNA/ AIDHMEANNA

- 4.4.7 Tugadh cúraimí Choimisiún Iascaigh an Fheabhail do Ghníomhaireacht na Lochanna ar 2 Nollaig 1999. Cuireadh limistéar Chairlín san áireamh fosta leis na dualgais, "caomhnú, cosaint agus feabhsú iascaigh limistéir an Fheabhail." Chomh maith leis sin, tá an Ghníomhaireacht freagrach as fhorbairt Loch Feabhail agus Loch Cairlín ar bhonn gnó agus fóillíochta ó thaobh iascaireacht mhara agus cúrsaí dobharshaothraithe de, i dtaca le forbairt na turasóireachta mara agus dobharshaothrú a cheadúnú agus a fhorbairt i limistéir an Fheabhail agus Chairlín.

- 4.4.8 Is rud bunúsach é, má tá an Ghníomhaireacht le réimse iomlán na ndualgas seo a chomhlíonadh, go ndéanfar an phríomhreachtaíocht faoinar oibrigh Coimisiún Iascaigh an Fheabhail a leasú. Tá na leasuithe riachtanacha ar an reachtaíocht seo - Foyle Fisheries Act 1952, agus Foyle Fisheries Act (Northern Ireland) 1952 - á n-ullmhú faoi láthair ag An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nadúrtha agus An Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe.

## Gníomhaíochtaí

- 4.4.9 Ag an chruinniú a bhí aici san Eanáil seo, rinne an Chomhairle na nithe seo a leanas:
- d'fhaomh sí Plean Corporáideach Ghníomhaireacht na Lochanna le haghaidh 2002-04 agus a Plean Gnó le haghaidh 2002;
  - thug sí aitheantas d'fhorbairtí maidir le Fóram Comhairleach a bhunú chun cuidiú le Ghníomhaireacht na Lochanna agus í i mbun oibre i limistéir an Fheabhail agus Chairlín;
  - thug sí faoi deara gur fhaomh an Coimisiún um Chomhionannas Scéim Chomhionannais Ghníomhaireacht na Lochanna;
  - d'fhaomh sí Plean Úr Ghníomhaíochta de chuid na Ghníomhaireachta a Dhíríonn ar Riachtanais Shóisialta;
  - rinne sí athbhreithniú ar an seasamh maidir le Ceadúnas Dobharshaothraithe i limistéar amháin de chuid Loch Cairlín;
  - thug sí aitheantas don seasamh i láthair na huaire maidir le reachtaíocht iascaigh a thabhairt

chun tosaigh, reachtaíocht atá de dhíth faoin chomhaontú ar Chomhlachtaí Forfheidhmithe idir Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine agus Thuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann;

- thug sí aitheantas don seasamh i láthair na huair maidir le feidhmeanna Choimisinéirí Shoilse na hÉireann a aistriú go dtí Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann.

4.4.10 Ag an chruinniú a bhí aici san Earnáil seo ar 15 Aibreán, rinne an Chomhairle na nithe seo a leanas:

- thug sí aitheantas do mholadh Gníomhaireacht na Lochanna ceardlann lae amháin a thionól chun plé a dhéanamh ar idirghníomhú na róna agus bradáin an Aigéin Atlantaigh;
- thug sí faoi deara go gcuirfí an tuarascáil ar Fhoireann Gníomhaireacht na Lochanna agus Áthbheithniú Struchtúr faoi bhráid go foirmiúil an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nadúrtha agus faoi bhráid an Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe agus faoi bhráid na Ranna Airgeadais, Thuaidh agus Theas.

4.4.11 Leagann Plean Corporáideach Gníomhaireacht na Lochanna amach na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag an Gníomhaireacht do na blianta 2002-2004, agus leag a Plean Gnó amach mionchlár oibre don bhliain 2002. Táthar le tionscnaimh nua a chur chun cinn le cuidiú le bainistiú stoic na n-iasc, a bhfuil an Gníomhaireacht freagrach astu. Áiríonn siad bailiú, iniúchadh agus síneadh na faisnéise a bhaineann le táirigiúlacht ó Loch Cairlinn agus Loch Feabhail agus forbairt na dteicnící um mhonatóireacht ghéiniteach ar

mhaithe le stoic bradán a mheas agus a bhainistiú. Cuid de na príomhghníomhaíochtaí ná leanúint ar aghaidh leis na hiarrachtaí minicíocht na hiascaireachta mídhleathaí do bhradáin óga a íslíú, forbairt na n-iascach a chur i gcrích, ag cuidiú le forbairt na hiascaireachta mar chaitheamh aimsire agus comhairle theicniúil na n-iascach a sholáthar ionas go mbeadh laghdú i minicíocht an damaiste comhshaoil do chúrsaí uisce dhobharcheantair an Fheabhail agus Chairlinn.

4.4.12 D'fhostaigh an Gníomhaireacht PriceWaterhouseCoopers chun próiseas earcaíochta agus roghnóireachta a dhéanamh chun Fóram Comhairleach a bhunú, rud ar thug CATT údarás dó, chun cuidiú le Gníomhaireacht na Lochanna agus í ag iarraidh Limistéir an Fheabhail agus Chairlinn a bhainistiú go héifeachtach. Tá sé beartaithe go dtabharfaidh an Fóram sin deis do gheallchoimheadaithe a gcuid tuairimí féin a chur in iúl maidir le cinntí ar pholasaithe na Gníomhaireachta. Bhí an chéad chruinniú den Fhóram ar 23 Eanáir 2002 le cruinnithe iartheachacha i rith na bliana. Tá 49 comhalta ag an Fhóram a sheasann do ghrúpaí éagsúla sainleasa ar fud na ndobharcheantar .i. éisc shliogánacha, iascaireacht thráchtála le líontáin, slatiascaireacht, úinéirí iascach, turasóireacht, uisce/séarachas, gnó/tionscal comhairlí/rialtas, calafort/cuan, comhshaoil, foraoiseacht agus talmhaíocht. Mar aon leis sin, bunaíodh grúpaí fócais chun bradáin agus bric gheala agus iascaigh shliogánacha agus turasóireacht mhara a bhreithniú agus chun taighde a dhéanamh orthu.

- 4.4.13 Bhí ceann de na rití bradán ab fhearr ag Limistéar an Fheabhail le blianta beaga anuas le spriocanna céimshrianta na n-aosach sáraithe ar na craobh-aibhneacha uile le háiritheoirí. Siníodh séasúr na líontán tráchtáil de bharr na dtorthaí sin don chéad uair ó tugadh isteach Rialacháin Limistéar an Fheabhail (Séasúr Coiscthe) 1999. Thug Gníomhaireacht na Lochanna le fios don Chomhairle chomh maith gur léirigh na figiúirí atá ar fáil go raibh luach £4m/€6m ar na diúilicíní agus oisrí Eorpacha agus Seapanacha a thairg iascaigh shlioganacha i rith 2001.
- 4.4.14 Chuaigh an Gníomhaireacht i ngleic le ceann de na hábhair a bhí ag cur as go mór dá cuid geallchoimheadaithe “bradán” trí cheardlann an-rathúil a reachtáil ar an idirghníomhú idir bradáin agus róna. Bhí saineolaithe ón Bhreatain agus ó Cheanada i láthair ag an cheardlann eolaíoch ar 15 Bealtaine agus rinne siad athbhreithniú ar sheantaighde agus ar thaighde nua a bhaineann le réimsí mar: an bia a itheann róna, iompar agus idirghníomhú le bradáin agus iascaigh bhradán. Rinne an cheardlann moltaí go ndéanfaí tuilleadh taighde maidir le hidirghníomhú róna le stoic bhradán a chainníochtú i limistéar an Fheabhail go háirithe. I measc na moltaí bhí, “réimse beartas nua-aimseartha a bhaineann le róna a smachtú ar chóir iad a thriail in inbhear an Fheabhail go háirithe”.
- 4.4.15 Ag tarraingt ar dheireadh na bliana 2002 críochnaíodh iniúchadh ar Acmhainn Foillíochta agus Caitheamh Aimsire bunaithe ar Iascaigh i limistéir an Fheabhail agus Chairlinn agus beidh sé sin mar bhunchloch do chomhairliúchán le grúpaí sainleasa agus d’ullmhachán plean forbartha do Limistéir an Fheabhail agus Chairlinn.
- 4.4.16 Ba í an fhorbairt ba shuntasai sa straitéis for-rochtana ná deireadh a chur le “Riverwatch” áis oideachais agus fhaisnéise. Tá an áis sin dírithe ar níos mó ná na geallchoimheadaithe atá ann cheana féin agus tá spriocanna ar leith aici: pobail an dá dobharcheantar a chur ar an eolas faoi na hacmhainní luachmhara faoi leith atá i gceist leis na lochanna, aibhneacha agus srutháin. Tabharfaidh sí aitheantas do na deiseanna a chuireann siad ar fáil do leas eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil do dhaoine aonair, ghnónna agus phobail.
- 4.4.17 Tá níos mó faisnéise ar Gníomhaireacht na Lochanna le fáil ar láithreán gréasáin an Chomhlachta [www.loughs-agency.org](http://www.loughs-agency.org)

## EARNÁIL UM CHLÁIR SPEISIALTA an AE



4.5.1 Tagann an Chomhairle le chéile san Earnáil um Chláir Speisialta an AE ar mhaithe le cinntí a ghlacadh ar bheartais agus ar ghníomhaíocht a bheidh le forfheidhmiú ag Foras Um Chláir Speisialta an AE (FCSAE). Tháinig an Chomhairle le chéile dhá uair san earnáil sin sa bhliain 2002. Bhí na cruinnithe sin ar siúl ar 20 Feabhra agus ar 9 Deireadh Fómhair.

### FEIDHMEANNA/ AIDHMEANNA

4.5.2 Ghlac FCSAE na cúraimí a bhaineann leis na Cláir AE um Chistí Struchtúracha sa bhliain 1999. Roimhe sin bhí siad faoi chúram na Roinne Airgeadais agus Pearsanra sa Tuaisceart agus na Roinne Airgeadais sa Deisceart. Mar chuid den fhreagracht sin, caithfear deireadh a chur leis na cláir sin ag tráth nach déanaí ná 31 Márta 2003. Tá FCSAE ina Údarás Bainistíochta chomh maith do PEACE II agus Cláir INTERREG IIIA Éire/Tuaisceart Éireann agus déanann sé monatóireacht ar fheidhmíocht na n-eilimintí Thuaidh/Theas sna Cláir eile a bhaineann le Tionscnamh Pobail (LEADER+, EQUAL agus URBAN II). Chomh maith leis sin, tá cúram ag FCSAE i leith monatóireachta agus cur

chun cinn fhorfheidhmiú na ngníomhartha comhoibrithe Thuaidh/Theas trí théarmaí na Comhchaibidle sa Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN) d'Éirinn agus Plean Chistí Struchtúrtha Thuaisceart Éireann.

### Gníomhaíochtaí

4.5.3 Ag an chruinniú a bhí aici san Earnáil seo rinne an Chomhairle na nithe seo a leanas:

- d'fhaomh sí Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas na gCuntas FCSAE don tréimhse 2 Nollaig 1999 - 31 Nollaig 2000;
- d'fhaomh sí Plean Corporáideach FCSAE do 2002-2004 agus a Phlean Gnó don bhliain 2002;
- fuair sí tuarascáil ar dhul chun cinn na hearcaíochta do phoist cheadaithe agus d'fhaomh roinnt saincheisteanna a bhaineann le scálaí tuarastail agus íocaíochta;
- thug sí aitheantas don dul chun cinn a rinneadh ar Chlár Peace II a fhorfheidhmiú agus ar Chlár INTERREG III a oibriochtú;
- thug sí aitheantas do thuarascálacha ar dhul chun cinn obair an Chomhghrúpa Stiúrtha.

4.5.4 Ag an chruinniú a bhí aici san Earnáil seo ar 9 Deireadh Fómhair, rinne an Chomhairle na nithe seo a leanas:

- thug sí faoi deara an dul chun cinn ar dhruidim na gClár PEACE I agus INTERREG II;
- chomhaontaigh sí struchtúr agus ballraíocht Choiste Stiúrtha INTERREG IIA agus chomhaontaigh sí go dtiocfadh Coiste Monatóireachta INTERREG IIIA ar réiteach maidir leis na hainmniúcháin dheireanacha do ballraíocht an Choiste;
- thug sí aitheantas do thuarascáil ón Chomhghrúpa Stiúrtha ar an Chomhchaibidil;
- thug sí aitheantas do Phlean Úr Gníomhaíochta FCSAE a dhíríonn ar Riachtanais Shóisialta.

4.5.5 Agus an nos imeachta in úsáid aici a éascaíonn cinntí i bhformáidí earnáileacha eile, d'fhaomh an Chomhairle páipéar thar ceann Fhoras um Chláir Speisialta an AE a shainigh na Téarmaí Tagartha do Chomhghrúpa Stiúrtha na Comhchaibidle ag an chruinniú a bhí aici san Earnáil Talmhaíoch ar 15 Aibreán.

## Saincheisteanna Corporáideacha

4.5.6 Tá na príomhchuspóirí agus na spriocanna oibriúcháin a úsáideann an Chomhairle chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus gníomhaíochtaí FCSAE le fáil sa Phlean Corporáideach agus sa Phlean Gnó. Tá an t-eolas is deireanaí le fáil sna pleannanna sin agus léiríonn siad dhá ní: forfheidmiú fairsingíoch na

gcúraimí a chaithfidh FCSAE a chur i gcrích de réir mar a thosaigh PEACE II agus INTERREG IIIA a bheith níos oibríochtúla, agus leibhéal na bhfoireann ar cóimhéid leis sin agus iad ar aon dul leis an struchtúr eagrúcháin, rud a d'fhaomh an Chomhairle roimhe sin. Lena chois sin, thug CATT aitheantas don Phlean Nua Gníomhaíochta de chuid FCSAE a dhíríonn ar riachtanais speisialta.

## Clár PEACE II

4.5.7 Thosaigh Clár PEACE II ag feidhmú go hiomlánach i 2002. Ós rud é go raibh níos mó ná 50 iarratas le haghaidh tionscadal ó Chomhlachtaí Forfheidhmithe, Compháirtíochtaí Áitiúla Straitéiseacha agus Tascfhorsaí arna stiurú ag Comhairlí Contae, agus Ranna Rialtais, Thuaidh agus Theas, bhí FCSAE iontach gnóthach agus é ag iarraidh polasaí oibriúcháin agus comhairle a fhorbairt agus a scaipeadh chun a chinntiú go mbeadh leanúnachas agus cothrom na féinne ann mar aon le hionracas i dtaca le riachtanais an Chláir agus Rialacháin AE. Cuireadh tús le feachtas substaintiúil poiblíochta fosta.

4.5.8 I rith na bliana 2002, cheadaigh na Comhlachtaí éagsúla Forfheidhmithe níos mó ná 900 iarratas, agus iad ag ofráil deontas do thionscadail le luach €210m orthu. Cheadaíodh na tionscadail sin trasna réimse iomlánach gníomhaíochtaí an Chláir lena n-áirítear: caidrimh phoiblí, tacaíocht d'íobartaigh, cuimsiú sóisialta, forbairt gheilleagrach; comhoibriú trasteorann. Tá ról lárnach ag gach ceann de na tionscadail mhaoinithe ó thaobh cuspóirí

foriomlánacha an Chláir a chur i gcrích sa mhéid is go dtugann siad aghaidh ar leagáid na coinbhleachta agus/nó deiseanna a thapú a thagann aníos mar gheall ar an tsíocháin. Chun a chinntiú go leanfar leis an fhócas sin den Chlár, rinneadh sainmhínte feabhsaithe a fhorbairt in éineacht le Coimisiún na hEorpa i dtaca le critéir “sainiúla” agus tugadh isteach iad. Lena chois sin, bhí ar gach tionscadal ceadaithe páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a éascaíonn athmhuintearas.

- 4.5.9 De réir mar a thosaigh na tionscadail ag caitheamh na n-acmhainn, thosaigh FCSAE ar mhonatóireacht a dhéanamh ar an ranníoc maidir le proifil an chaiteachais airgeadais riachtanaigh de chuid na Cistí ón AE, rud a chaithfidh tarlú ar bhonn leanúnach chun a chinntiú nach mbainfear airgead ón Chlár faoin chéad spriocdháta caiteachais, 31 Nollaig 2003. Rinne an Comhlacht cathaoirleach ar trí chruinniú de chuid Choiste Monatóireachta PEACE 11 a thug údarás do mholtaí chun a chinntiú go mbaintear caiteachas amach agus go gcuirtear i ngníomh é agus d’fhaomh sé beartais cheartúcháin mar a ba chúí, lena n-áirítear foirm iarratais nua agus níos simplí a thabhairt isteach mar aon le foirm i bhfad níos lú do dheontais bheaga.

## INTERREG 111A Clár Tionscnamh Pobail

- 4.5.10 Thosaigh Tionscnamh Pobail na hÉireann/Thuaisceart Éireann INTERREG 111A ag feidhmú go hiomlánach sa bhliain 2002 chomh maith. D’fhaomh Coimisiún na hEorpa an Clár

Oibriúcháin i Márta 2002 agus bhí an chéad chruinniú den Choiste Monatóireachta ar siúl i nDún Dealgan i Meitheamh 2002, agus rinne Airí, Thuaidh agus Theas le chéile, an Clár a sheoladh go foirmiúil i Samhain. Feitheoireacht agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmú straitéiseach an Chláir is ea ról an Choiste, agus tá ionadaithe ó Ranna Rialtais, ionadaithe áitiúla tofa, agus comhpháirtí sóisialta laistigh de na limistéir inroghnaithe i dTuaisceart Éireann agus Reigiún na Teorann in Éirinn. Agus é ag aontú leis an struchtúr agus leis an bhballraíocht a moladh do Choiste Stiúrtha INTERREG 111A, chomhaontaigh CATT fosta gurbh é an Coiste a d’fhaomhfaidh na hainmniúcháin dheireanacha do bhallraíocht an Choiste Stiúrtha.

- 4.5.11 Tá foireann um Thionscnaimh Phobail lonnaithe san oifig atá ag FCSAE i Múineachán, agus d’oibrigh sé as lámha le chéile leis na trí Ghrúpa ó Dhorchla na Teorann chun Comhpháirtíochtaí INTERREG 111A a bhunú chun trí Bheart de Thosaíocht 1 an Chláir a chur i gcrích. Tá FCSAE ina Údarás Íocaíochta agus ina Údarás Bainistíochta don Chlár agus chun freagrachas a chinntiú, comhlíonann foireann Thionscnaimh Phobail an ról atá ag an Údarás Bainistíochta, fad is go gcomhlíonann Roinn na Seirbhísí Corporáideacha i mBéal Feirste an ról a bhaineann leis an Údarás Íocaíochta.

## Tionscnaimh eile Pobail

- 4.5.12 Maidir leis na Tionscnaimh eile Pobail, lean FCSAE ag comhoibriú leis na hÚdaráis Bhainistíochta agus leis na hiarrachtaí chun caidrimh Thuaidh/Theas a

fhorbairt. D'éirigh go han-mhaith le seiminéar a bhí ar siúl i gCora Droma Rúisc i mBealtaine nuair a tháinig Comhpháirtíochtaí "Cothromacha", Thuaidh agus Theas le chéile chun plé a dhéanamh ar ábhair chomhleasa agus chun ábhair a fhorbairt i dtéarmaí comhoibriú san am atá le teacht. Shainigh na hÚdarais Bhainistíochta do Urban 11 (Tuaisceart Bhéal Feirste agus Baile Farnmaid, Baile Átha Cliath) saincheisteanna forfheidhmiúcháin ina mbeadh beartais chomhoibrithe ábalta cuidiú lena gcuid Clár. Lean na Coistí Monatóireachta Leader +, Thuaidh agus Theas ag comhoibriú lena chéile, agus bhí an Coiste Stiúrtha um Fhorbairt na Tuaithe Trasteorann freagrach as roinnt tionscadal a thabhairt chun tosaigh ina mbíonn comhoibriú Thuaidh/Theas ag cuidiú le forfheidhmiú an Chláir seo.

sin tuilleadh faisnéise agus fógraíochta ar fáil.

4.5.14 Tá níos mó faisnéise ar FCSAE le fáil ar láithreán gréasáin an Chomhlachta [www.seupb.org](http://www.seupb.org).

## Comhchaibidil

4.5.13 Thug an Chomhairle faoi deara gur bunaíodh Comhghrúpa Stiúrtha na Comhchaibidle, ina bhfuil an dá chóras riaracháin agus Comhrúnaireacht CATT páirteach chun tacú le FCSAE agus é ag cur chun tosaigh obair ar an Chomhchaibidil le Ranna, Thuaidh agus Theas. Chomhaontaigh an Comhghrúpa Stiúrtha go bhforbródh sé modheolaíocht agus clár oibre a bhaineann leis sin chun Gníomhaíocht na Comhchaibidle a thairfeadh. Rinneadh an obair tosaigh a bhaineann le forfheidhmú na modheolaíochta agus an chlár oibre a thairfeadh, lena n-áirítear fardail a fhorbairt agus tairfead a dhéanamh ar ionchuir ón Chomhchaibidil. Dhírigh cuid de láithreán gréasáin FCSAE ar an Chomhchaibidil agus cuirfidh sé



## AN EARNÁIL TEANGA AN FORAS TEANGA THUAIDH/THEAS

4.6.1 Tagann an Chomhairle le chéile san Earnáil Teanga ar mhaithe le cinntí a dhéanamh ar bheartais agus ar ghníomhaíocht a bheidh le forfheidhimú ag An Fhoras Teanga Thuaidh/Theas. Tháinig an Chomhairle le chéile uair amháin san Earnáil Teanga sa bhliain 2002. Bhí an cruinniú sin ar siúl i mBaile Átha Cliath ar 14 Meitheamh.

## FEIDHMEANNA/ AIDHMEANNA

4.6.2 Foras amháin is ea An Foras Teanga a thuairiscíonn don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas, ach tá dhá ghníomhaireacht ar leith i gceist leis agus iad uathlathach don chuid is mó: Foras na Gaeilge agus Gníomhaireacht na hUltaise/Tha Boord o Ulstèr Scotch.

4.6.3 Tá Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge, Maighréad Uí Mháirtín, agus Cathaoirleach Tha Boord o Ulstèr Scotch, Lord Laird of Artigarvan mar chomhchathaoirigh ar an Fhoras Teanga. Tá 24 comhalta ar Bhord an Fhorais agus iad ceaptha ag CATT. Tá liosta de Chomhaltaí an Bhoird agus a gcuid gníomhaireachtaí in Aguisín 5.

4.6.4 Ag an chruinniú a bhí aici san Earnáil seo ar 14 Meitheamh, rinne an Chomhairle na nithe seo a leanas:

- d'fhaomh sí an dréachtScéim Chomhionannais don Fhoras Teanga agus chomhaontaigh go gcuirfí faoi bhráid an Choimisiúin um Chomhionannais;
- d'fhaomh sí na Cóid Chónasctha Iompraíochta do Chomhaltaí Boird an Fhorais Teanga;

- d'fhaomh sí Plean Gnó 2002 Fhoras na Gaeilge agus Tha Boord o Ulstèr Scotch;
  - thug sí aitheantas don eolas is deireanaí maidir le hullmhúchán na bPleananna Corporáideacha d'Fhoras na Gaeilge agus Tha Boord o Ulstèr Scotch;
  - d'fhaomh sí a raibh istigh sna dréachtThuarascálacha Gníomhaíochtaí don tréimhse 2 Nollaig 1999-31 Nollaig 2000 d'Fhoras na Gaeilge agus Tha Boord o Ulstèr Scotch;
  - thug sí aitheantas do na dréachtChuntais neamhiniúchta don tréimhse 2 Nollaig 1999-31 Nollaig 2000 d'Fhoras na Gaeilge agus Tha Boord o Ulstèr Scotch;
  - chomhaontaigh sí le foilseachán na dTuarascálacha ceadaithe Gníomhaíochtaí de chuid Foras na Gaeilge agus Tha Boord o Ulstèr Scotch;
- 4.6.5 Agus an nós imeachta in úsáid aici trína ndéantar cinntí i bhformáidí earnáileacha eile, rinne an Chomhairle na nithe seo a leanas:
- dheimhnigh sí ceapachán an tUas. Seosamh Mac Donncha mar Phríomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge ag an chruinniú san Earnáil Thalmhaíoch ar 25 Eanáir;
  - d'fhaomh sí páipéar ar earcaíocht agus íocaíocht in Fhoras na Gaeilge, agus d'fhaomh ceapachán Mhairéad Ní Sheagháin chuig Bord an Fhorais Teanga ag an chruinniú san Earnáil Thalmhaíoch ar 15 Aibreán;
  - thug sí údarás do thionscadal a bhaineann le feabhas a chur ar ábhair theagaisc Ghaeilge i mbunscoileanna Gaeltachta agus i nGaelscoileanna, agus an próiseas earcaíochta do bhaill fhoirne atá de dhíth ar Fhoras na Gaeilge, ag an chruinniú de chuid An Fhorais Um Chláir Speisialta an AE ar 9 Deireadh Fómhair.

## FORAS NA GAEILGE



### FEIDHMEANNA/ AIDHMEANNA

- 4.6.6 Tá sé mar chúram ag Foras na Gaeilge an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhonn uile-oileáin.
- 4.6.7 Chomh maith le feidhmeanna Bhord na Gaeilge a thabhairt chuige féin, tugadh réimse leathan d'fheidhmeanna don ghníomhaireacht chun cur lena héifeacht maidir le cur chun cinn na Gaeilge. Mar shampla, in achar an oideachais, foclóirí agus na téarmaíochta, ghlac sí chuici féin cúram an Choiste Téarmaíochta agus ghlac chuige féin na feidhmeanna a bhí ag an Ghúm.
- 4.6.8 Tá Maighréad Uí Mháirtín ina Cathaoirleach ar Fhoras na Gaeilge agus tá 15 comhalta eile ar an Bhord.

### Gníomhaíochtaí

- 4.6.9 Chuir Plean Gnó Fhoras na Gaeilge don bhliain 2002 síos ar na gníomhaíochtaí a bhí le cur i gcrích chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin agus na cuspóirí atá ina Plean Straitéiseach, mar aon leis na hacmhainní a úsáidfídh sé.
- 4.6.10 Seo a leanas cuid de na gníomhaíochtaí a rinne Foras na Gaeilge i rith na bliana:

- Chuir sé maoiniú ar fáil do níos mó ná 20 eagraíocht, Thuaidh agus Theas, mar aon le níos mó ná 100 tionscadal substainteach agus suas le 400 mionfhiontar.
- Chuir sé moltaí polasaithe chun cinn i ndáil le Bille na dTeangacha Oifigiúla, 2002 agus i réimse an Oideachais, Craolacháin, na Gaeltachta, agus na nEalaíon.
- Sheol An Ceann Comhairle i mBaile Átha Cliath An Foclóir Parlaiminte i mí an Mhárta agus sheol Ceann Comhairle Thionól Thuaisceart Éireann, i gCnoc an Anfa, i mí na Bealtaine é.
- Chuir Foras na Gaeilge maoiniú ar fáil do chuid mhaith tionscadal fiúntach lena n-áirítear, Cluiche Ceannais Camógaíochta na hÉireann i bPáirc an Chrocaigh, Féile an Phobail i mBéal Feirste, Ros na Rún ar TG4, Comórtas na mBailte Slachtmhara, agus Féile Naomh Pádraig.
- I réimse na bhfoilseachán, chuir Foras na Gaeilge maoiniú ar fáil do Foinse, Lá, Comhar, Feasta, An tUltach, An Láithreán Greasáin [www.beo.ie](http://www.beo.ie) agus lena chois sin d'fhoilsigh sé 11 eagra n dá nuachtán féin Saol.
- Leanadh ar aghaidh leis an Scéim um Oifigh Fhorbartha Ghaeilge in údarais áitiúla agus i mboird sláinte, agus ceapadh comhordaitheoir Gaeilge ag Coimisiún Craolacháin na hÉireann i gcomhpháirt le Foras na Gaeilge.
- Cuireadh tús leis an phróiseas tairisceana don chéad chuid den tionscadal a bhaineann leis an fhoclóir Béarla/Gaeilge.
- Rinneadh níos mó ná 60 foilseachán lena n-áirítear acmhainní oideachais bhunscoile agus

iarbhunskoile, téacsleabhair, ábhar tagartha teangacha agus ábhar léitheoireachta do dhaoine óga.

- Chuir sé tús le tionscadal maidir le hacmhainní Gaeilge do bhunskoileanna lánGhaeilge in éineacht leis An Roinn Oideachais agus Eolaíochta sa Deisceart.
- Rinneadh eagarthóireacht ar liosta téarmaí eagsúla a chuimsíonn 16 bliain d'fhiosrúcháin a phléigh Coiste Stiúrtha an Choiste Téarmaíochta agus rinneadh iad a lipéadú agus cuireadh amach ar an láithreán gréasáin [www.acmhainn.ie](http://www.acmhainn.ie) iad.
- Críochnaíodh an obair eagarthóireachta ar fhoclóir nua ina bhfuil níos mó na 10,000 téarma ríomhaireachta.
- Tháinig Foras na Gaeilge agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar chomhaontú maidir le hábhar acmhainní a dhéanamh chun cuidiú le teagasc na Gaeilge i mbunskoileanna Gaeltachta agus bunskoileanna lánGhaeilge.
- Forbraíodh scéim chun comhoibriú a éascú idir iarbhunskoileanna lánGhaeilge agus bunskoileanna ina gcuid do bharcheantar maidir le gníomhaíochtaí a sholáthar trí mheán na Gaeilge.
- Rinneadh taighde i gcomhpháirtíocht le Gael Linn ar dhearcadh an phobail Thuaidh agus Theas maidir le húsáid bogearra ríomhairí agus an Idirlín ar fhoghlaim na Gaeilge.
- Rinneadh forbairt i gcomhpháirtíocht leis an earnáil phríobáideach ar bhogearra ríomhairí d'fhoghlaim na Gaeilge.
- Forbraíodh cúrsaí traenála do mhúinteoirí, i gcomhpháirtíocht le NCTE agus Lárionaid Oideachais maidir le bogearra ríomhairí saor ó ábhair a chrúthú agus a úsáid.
- €1,019,665 an luach a bhí ar dhiolacháin Áis (rannóg mhórdhíola leabhar Fhoras na Gaeilge) sa bhliain 2002, méadú 6.88% ar an bhliain roimhe sin. Bhí 176 foilseachán Gaeilge nua curtha leis an liosta sa bhliain 2002.
- I gcomhpháirtíocht le Comhairle na nEalaíon Thuaisceart Éireann, Gníomhaireacht na hUltaise, agus Iontaobhas Ultach choimisiúnaigh Foras na Gaeilge taighde ar Ealaíon na Gaeilge agus na hUltaise i dTuaisceart Éireann, mar aon le hanailís ar riachtanais agus iniúchadh, agus cuireadh dréacht-thuarascáil ar fáil i Nollaig 2002.
- Tugadh deontais do níos mó ná 30 gníomhaireacht aistriúcháin agus tionscadal a bhaineann le téarmaíocht agus aistriúchán ag ríomhaire agus bunaíodh láithreán gréasáin d'aistritheoirí, [Acmhainn.ie](http://Acmhainn.ie). Go dtí seo tugadh níos mó ná 60,000 cuairt ar an láithreán.
- Reáchtáladh ceardlanna traenála do scríbhneoirí cruthaitheacha agus aisteoirí Gaeilge i mBéal Feirste, Conamara, Tír Chonaill, Baile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh & Ciarraí.

4.6.11 Tugadh tacaíocht do níos mó ná 100 tionscadal, a bhaineann leis na healaíona, ó dhráma (páistí agus daoine fásta), go féilte ealaine, go dtí na hamharcealaíona, go hamhránaíocht sean-nós, go scéalaíocht agus go mím, ar fud an oileáin.

4.6.12 Tá níos mó faisnéise faoi Fhoras na Gaeilge le fáil ar láithreán gréasáin an Chomhlachta [www.forasnagaeilge.ie](http://www.forasnagaeilge.ie)

## THA BOORD O ULSTÈR SCOTCH GNÍOMHAIREACHT NA HULTAISE



### FEIDHMEANNA/ AIDHMEANNA

5.6.13 Tá Gníomhaireacht na hUltaise freagrach as tuilleadh feasachta a chur chun cinn i dtaca le saincheistean cultúrtha Albanacha Uladh agus úsáid níos leithne na hUltaise a spreagadh, taobh istigh de Thuaisceart Éireann agus ar fud an oileáin.

4.6.14 Is é Lord Laird of Artigarvan Cathaoirleach Tha Boord o Ulstèr Scotch agus tá 7 comhalta eile ar an Bhord.

### Gníomhaíochtaí

4.6.15 Tá Plean Gnó Gníomhaireacht na hUltaise ailínithe le Plean Corporáideach na Gníomhaireachta don bhliain 2001-2003 i dáil le ceithre théama straitéiseacha: Forbairt Theangeolaíoch, Cultúr, Oideachas, agus Tuiscint an Phobail ó thaobh Teanga agus Cultúr Albainis Uladh. Sainíonn an plean acmhainní, cuspóirí, na príomhnithe is féidir cur i gcrích, spriocanna agus na tionchair a bhaineann le gníomhaíochtaí ceangailte leis na ceithre théama.

4.6.16 Forbairt shuntasach don Gníomhaireacht i rith 2002 ná coimisiúnú Choláiste Ollscoile an tSrutháin Mhílis tionscadal a dhéanamh chun ábhair acmhainní a chur ar fáil d'Eochairchéimeanna 1&2 i mBunscoileanna. Tugadh beirt mhúinteoirí ar iasacht óna gnáthdualgais teagaisc chun an tionscadal a chur i gcrích faoi mhaoirseacht bhainisteoir tionscadail ón Choláiste. Tá cuid mhaith ábhar déanta go dtí seo agus rinneadh seiminéir a

reáchtáil chun comh-mhúinteoirí agus eile a chur ar an eolas faoin mhéid atá á moladh. Fuair sé sin aiseolas an-deimhneach. Táthar ag súil an t-ábhar a sheoladh amach chuig scoileanna roghnaithe ar bhonn píolótach ó Mheán Fómhair 2003 mar réamhbheart sula mbeadh sé ar fáil go ginearálta.

4.6.17 Leanann an Gníomhaireacht le cúnaimh airgeadais a thabhairt do réimse leathan grúpaí pobail a ghlacann páirt i gníomhaíochtaí Albainis Uladh lena n-áirítear ceol, rince agus drama. Tá an tacaíocht sin ag cruthú suime nua i gcultúr na nAlbanach Uladh go háirithe i measc an aois óig. Tá sé iontach suntasach an fás a tharla i líon na ndaoine i ranganna rince na nGarbhchríoch. Na tóstail agus féilte Albanacha Uladh a socraíodh i gCill Chaoil agus in Iúr Cinn Trá agus sa Maiden City Festival; leag siad síos bunsraith do mhéadú féideartha i dturasóireacht chultúrtha.

4.6.18 D'fháiltigh Cathaoirleach na Gníomhaireachta roimh Eamon O'Cuív, An tAire Pobail Tuaithe agus Gaeltachta sa Deisceart, nuair a tháinig sé go Tuaisceart Éireann faoi choinne turais ar láithreáin thábhachtacha Albanacha Uladh i Meán Fómhair 2002. D'áirigh sé sin Áitreach Jackson ag Boneybefore in aice le Carraig Fheargusa, Templecorran agus Baile Cora.

4.6.19 Sheol an Gníomhaireacht a nuachtán féin "The Ulster-Scot" i rith 2002, foilseachán a chuirtear amach mar shaofhorlíonadh sa Belfast Newsletter. Solathraíonn sé seo réimse leathan faisnéise agus nuachta faoi shaincheistean agus gníomhaíochtaí Albanacha Uladh.

4.6.20 Tá níos mó faisnéise ar Gníomhaireacht na hUltaise le fáil ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta [www.ulsterscotsagency.com](http://www.ulsterscotsagency.com)

## EARNÁIL NA NUISCEBHEALAÍ INTÍRE



### UISCEBHEALAÍ ÉIREANN

4.7.1 Tagann an Chomhairle le chéile in Earnáil na nUiscebhealaí chun cinntí a ghlacadh ar bheartais agus ar ghníomhaíocht a bheidh le forfheidhmiú ag Uiscebhealaí Éireann. Tháinig an Chomhairle le chéile uair amháin in Earnáil na nUiscebhealaí Intíre sa bhliain 2002. Bhí an cruinniú sin ar siúl i mBéal Feirste ar 26 Meitheamh.

Sionainne is na hÉirne, Córas na hÉirne, An Canáil Mhór, Córas an Bharra, Córas na Banna Íochtaraigh, An Canáil Ríoga, Córas na Sionainne.

4.7.3 Chomh maith leis sin, tá de chúram ag Uiscebhealaí Éireann staidéir bhreise agus measúnuithe a thabhairt chun tosaigh i dtaca le féideartheachtaí maidir le hathnuachán Chanail Uladh.

4.7.4 Feidhmíonn an Foras i dtrí réigiún: Tuaisceart, Oirthear agus Iarthar.

### FEIDHMEANNA / AIDHMEANNA

4.7.2 Is í príomhfheidhm Uiscebhealaí Éireann bainistíocht, cóiriú, forbairt agus athnuachán an chórais taistil uiscebhealaí intíre a dhéanamh, ar mhaithe le siamsa go háirithe. Tá Uiscebhealaí Éireann i bhfeighil na gcórais taistil seo a leanas, a bhíodh roimhe seo faoi chúram an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, sa Deisceart, agus an Roinn Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe i dTuaisceart Éireann: Uiscebhealach na

### Gníomhaíochtaí

4.7.5 Ag an chruinniú a bhí aici san Earnáil seo ar 26 Meitheamh, rinne an Chomhairle na nithe seo a leanas:

- d'fhaomh sí Plean Corporáideach agus Gnó Uiscebhealaí Éireann don tréimhse 2002-2004;
- thug sí aitheantas don seasamh maidir le riachtanais loistín, mar aon leis an mholadh gur chóir buanfhoirgneamh a bheith ann mar cheanncheathrú in Inis

- Ceithleann, agus chomhaontaigh sí na saincheisteanna loistín a shocrú go déthaobhach;
- d'fhaomh sí Plean Nua Gníomhaíochta Uiscebhealaí Éireann a dhiríonn ar Riachtanais Shóisialta;
  - d'fhaomh sí Scéim Chomhionannais Uiscebhealaí Éireann sula gcuirfí faoi bhráid an Choimisiúin um Chomhionannas í go foirmiúil;
  - thug sí aitheantas don seasamh maidir le hearcaíocht agus foireann in Uiscebhealaí Éireann;
  - thug sí aitheantas do Ráiteas na gCuntas Uiscebhealaí Éireann don bhliain 2000;
  - thug sí aitheantas do thuarascáil ar an dul chun cinn sa phróiseas comhairliúcháin a bhaineann le Staidéar Féidearthachta Chanáil Uladh.
- 4.7.6 Faoi mhalartú na nótaí ar 19 Samhain 2002 d'fhaomh Airí duaiseanna fócaíochta dlíte ó 1 Deireadh Fómhair 2002 d'fhostaithe Uiscebhealaí Éireann.
- 4.7.7 Cuireadh tús le clár forleathan earcaíochta chun an líon iomlán foirne a bhaint amach i dtéarmaí riaracháin, teicniúla agus gairmiúla. Rinneadh dul chun cinn ar roinnt saincheisteanna eile a bhaineann le riarachán an Fhorais nua, lena n-áirítear nósanna imeachta riachtanacha nua airgeadais a chur in áit agus córas teicneolaíochta faisnéise a fhorbairt. Cuireadh tús le láithreán gréasáin eatramhach don eagraíocht i mí Iúil. Bunaíodh PreasOifig agus Oifig Faisnéise agus tosaíodh ar shraith treoracha cumarsáide a fhorbairt, lena n-áirítear Straitéis um Chúram Custaiméirí
- 4.7.8 Tá comhionannas corparáideach forbartha ag Uiscebhealaí Éireann agus beidh sé sin le feiceáil ina chuid foilseachán agus comharthaí mar chuid de chlár leanúnach. Miotaseolaíocht agus béaloideas na gCeilteach, a chuireann in iúl gur shíl na Ceiltigh go raibh aibhneacha, tobair, fuaráin agus lochanna mar fhoinsí cumhachta teiripeacha; sin an inspioráid a bhí taobh thiar de chruthú an tsuaithiantais a sheasann d'Uiscebhealaí Éireann.
- 4.7.9 Rinneadh dul chun cinn ar an obair a bhaineann le dréachtstraitéis mhargaíochta agus chothaithe a chur le chéile sa bhliain 2002 le cuideachta neamhspleách chomhairleachta a rinne taighde allamuigh ar na huiscebhealaí uile ar son Uiscebhealaí Éireann.
- 4.7.10 Rinneadh bróisiúr ocht leathanach dar teideal "Spléachadh ar ár n-Uiscebhealaí" agus é lándaite agus cuireann sé faisnéis úsáideach ar fáil mar aon le sónraí teagmhála do gach ceann de na huiscebhealaí agus don Fhoras.
- 4.7.11 Rinneadh físteip sábháilteachta chomh maith in éineacht leis na gníomhaireachtaí a ligeann báid ar cíos. Solathraíonn an fhísteip treoir cuimsitheach ar shábháilteacht ar na huiscebhealaí agus thart orthu.
- 4.7.12 Bhí an chéad chomhdháil foirne de chuid Uiscebhealaí Éireann ann sa bhliain 2002. D'aitheasc Stiúrthóirí Uiscebhealaí Éireann an chomhdháil agus bhí aoichainteoirí ann lena n-áirítear ionadaithe ó Uiscebhealaí na Breataine, na príomhranna agus Comhrúnaireacht CATT.
- 4.7.13 Lean Uiscebhealaí Éireann le hidirghníomhaíochtaí a dhéanamh le húsáideoirí uile na n-uiscebhealaí lena n-áirítear

úsáideoirí a fhaigheann báid ar cíos ó chuideachtaí tráchtála agus úsáideoirí príobháideacha bád, agus na pobail agus na Comhairlí le taobh na n-uiscebhealaí.

4.7.14 Ag leibhéal oibriúcháin, chríochnaigh Uiscebhealaí Éireann síneadh Chóras na Sionainne ó Loch Rí go pointe iontach congarach do Mainistir na Búille, Co. Ros Comáin. Ligeann sé sin do bháid teacht isteach sa bhaile a bheag nó a mhór agus tá seans acu stopadh ag cuan ag a bhfuil spás do 27 soitheach mar aon le staisiún caidéalaithe, bloc seirbhíse le gach trealamh, carrchlós, agus áis chun brúscar a chur de láimh. Beidh méadú ar na háiseanna feistithe ar Chóras na Sionainne chomh maith mar gheall ar na móroibreacha caipitil a tosaíodh as Béal Átha Liag, Droichead na Sionainne agus An Scairbh. Bhí tionscadail eile ann chomh maith lena n-áirítear cabhsa rochtána agus tonnchosc ag Cuan Spencer, Co Liatroma.

4.7.15 Atógáil claifort agus tógáil droichid nua in aice le Droichead Pake, droichead atá ann cheana féin i gCo. Longfort, a bhí mar chuid de chlár cuimsitheach oibreacha caipitil d'athchóiriú leanúnach an Chanáil Ríoga. Rinneadh feabhsú ar Chosáin Tharraingthe agus athchóiríodh locanna canála chomh maith.

4.7.16 Thángthas ar chomhaontú maidir le moltaí a bhaineann le hinfrastruchtúr loingseoireachta a fhorbairt ar Chóras na hÉirne agus ar Chóras na Banna Íochtraí trí lamairní nua a fhorbairt, marcóirí nua agus feistithe a shuiteáil agus uasghrádú a dhéanamh ar áiseanna caidéalaithe chun uisce a phumpáil amach, mar aon le comharthaí a fheabhsú.

4.7.17 Críochnaíodh staidéar féidearthachta leis an eolas is deireanaí ar Chanáil Uladh a athoscailt agus tugadh do Ranna é. Ós rud é gur féidir leis sin a bheith ina thionscadal suntasach trasteorann le himpleachtaí móra airgeadais, geilleagracha, comhshaoil agus sóisialta, tá próiseas cuimsitheach measúnaithe ar siúl.

4.7.18 Tá níos mó faisnéise faoi Uiscebhealaí Éireann le fáil ar láithreán gréasáin an Chomhlachta [www.waterwaysireland.org](http://www.waterwaysireland.org)

## EARNÁIL NA TURASÓIREACHTA



- 4.8.1 San Eanáil seo maoirsionn an Chomhairle obair Thurasóireacht Éireann Teoranta, an chuideachta phoiblí teoranta, atá freagrach as oileán na hÉireann a mhargú thar sáile mar cheann scríbe turasóireachta. Tá 12 comhalta ar Bhord na Cuideachta agus iad ceaptha ag CATT. Is é an tUas. Andrew Coppel Cathaoirleach na Cuideachta agus is í Ann Riordan an Leasathaoirleach.
- 4.8.2 Tháinig an Chomhairle le chéile uair amháin in Eanáil na Turasóireachta sa bhliain 2002. Bhí an cruinniú sin ar siúl ar 22 Feabhra.
- 4.8.3 Mheas an Chomhairle tuarascáil ar dhul chun cinn le Cathaoirleach Thurasóireacht Éireann Teoranta, a rinne achoimre ar an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le seoladh na cuideachta a clár margaíochta, earcaíocht agus áitreabh. Lena chois sin, mheas an Chomhairle Plean Oibriúcháin Thurasóireacht Éireann Teoranta don bhliain 2002, a leag amach clár chorporáideacha agus mhargaíochta Thurasóireacht Éireann mar aon le hachóimre ar na hacmhainní a bhí de dhíth don bhliain 2002. Tháinig an Chomhairle ar Chomhaontú maidir le Plean Corporáideach 2002-2004 Thurasóireacht Éireann fad is go socródh an dá dhlínse na buiséid agus go ndéanfaidís iad a fhaomhadh. Chomh maith leis sin, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir le Clár Margaíochta Thurasóireacht Éireann agus buiséad faoi réir fhaomhadh na nAíre Airgeadais. Thug an Chomhairle faoi deara go ndéanfaidh an Chuideachta beartais shofaisticiúla fheidhmíochta a fhorbairt d'earnáil na turasóireachta agus don Chuideachta í féin, agus go mbeidh siad sin mar bhonn chun feidhmíocht na Cuideachta a thomhas i dtaca leis an sprioc sin a bhaint amach, an sprioc a leag an Chomhairle síos fána coinne.
- 4.8.4 Faoi mhalartú na nótaí ar 19 Samhain 2002 rinne na hAíre na nithe seo a leanas:
- d'fhaomh siad Plean Margaíochta agus Oibriúcháin Thurasóireacht Éireann don bhliain 2003;
  - thug siad aitheantas do Thuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Thurasóireacht Éireann



don bhliain 2001, sula gcuirfí faoi bhráid Tionól Thuaisceart Éireann agus Tithe an Oireachtais iad.

- d'fhaomh siad buiséad foriomlán Thurasóireacht Éireann don bhliain 2002, ~~€~~7,853,000 / £29,656,000;
- 4.8.5 Tá dhá phríomhchuspóir ag Turasóireacht Éireann - turasóireacht a mhéadú go dtí oileán na hÉireann agus tacaíocht a thabhairt do Thuaisceart Éireann a acmhainneacht turasóireachta a bhaint amach. Sa chéad bhliain oibriúcháin, d'éirigh le Turasóireacht Éireann a céad chlár cuimsitheach uile-oileáin margaíochta agus cumarsáide a chur i gcrích, beart suntasach i stair na turasóireachta ar an oileán. Sula bhfoirmligh Turasóireacht Éireann a straitéis mhargaíochta don bhliain 2002, chuaigh sí i mbun athbhreithniú cuimsitheach ar fhaisnéis mhargaíochta i ndiaidh ar tharla ar 11 Meán Fómhair chun measúnú a dhéanamh ar an iarmhairt ar phatrúin thaistil idirnáisiúnta, in éineacht le Bord Fáilte, Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann agus tionscal na turasóireachta. I ndiaidh don chuideachta a Clár Margaíochta a sheoladh in Éirinn i Samhain 2001, lean sí le sraith seoltaí ina príomhmhargaidh, eadhon, SAM, Ceanada, An Bhreatain, An Ghearmáin, agus An Fhráinc. Ba é seo an chéad chlár margaíochta imeasctha uile-oileáin do thurasóireacht ar oileán na hÉireann. Tá an feachtas margaíochta faoi lán seoil anois i níos mó ná fiche tír ar fud na cruinne. Bhí buiséad níos mó ná £6m / €10m ar feadh bliain amháin ag an fheachtas fógraíochta, rud a ionchorpraíonn fógraíocht theilifíse agus nuachtán.

- 4.8.6 Cuspóir tábhachtach de chuid Turasóireacht Éireann ná tacaíocht

a thabhairt d'iarrachtaí thionscal na turasóireachta i dTuaisceart Éireann a acmhainneacht a bhaint amach trí fhás incriminteach a fháil do Thuaisceart Éireann a sháraíonn an leibhéal a bhaineann oileán na hÉireann amach ina iomláine. Tá Turasóireacht Éireann ag comhlíonadh an dualgais sin trí Thuaisceart Éireann a dhíol mar bhunchuid de cheann scríbe turasóireachta amháin .i. oileán na hÉireann agus trí láithreach agus suntasacht Thuaisceart Éireann a mhéadú i bhfeachtais mhargaíochta agus tionscnaimh os comhair an tsaoil mhóir.

- 4.8.7 Sa bhliain 2002 dhírigh Turasóireacht Éireann a clár margaíochta ar ghnó a fháil trí acmhainní agus iarracht a chomhdhíriú ar mhargaidh agus nideoga a sainíodh mar áiteanna a d'fhéadfaí cur chun tosaigh cé go raibh bacanna ar thaisteal ann. Cuid lárnach dá straitéis ná obair i gcomhpháirtíocht le tionscal na turasóireachta agus uastacaíocht tionscnaimh a chur ar fáil. Téann Turasóireacht Éireann i gcomhairle ar bhonn rialta leis na Comhpháirtíochtaí uile-oileáin um Mhargaíocht Turasóireachta a bhunaigh sí ar bhonn uile-oileáin agus thar sáile chun cursaí straitéise agus pleananna a phlé ar bhonn leanúnach.
- 4.8.8 Cé go raibh deacrachtaí agus dúshláin i dtimpeallacht na turasóireachta sa bhliain 2002, léiríonn figiúirí oifigiúla gur tháinig méadú 2.4% san iomlán ar líon na gcuairteoirí go dtí oileán na hÉireann. Ciallaíonn sé sin gur éirigh go han-mhaith leis an tionscal mar a shamhlaigh Turasóireacht Éireann ag deireadh na bliana 2001 agus léiríonn na figiúirí chomh maith go bhfuil éacht suntasach déanta ag an earnáil ina iomláine. Mar sin féin,

folaíonn an figiúr foriomlán sin roinnt dúshlán lena n-áirítear athrú i 'meascán' na dturasóirí a thagann go dtí an t-oileán agus beidh ar Thurasóireacht Éireann agus tionscal na turasóireachta aghaidh a thabhairt orthu sa bhliain atá ag teacht. Leag an chuideachta síos sprioc di féin, is é sin le rá, líon na dturasóirí a thagann go dtí an t-oileán a mhéadú agus tacaíocht a thabhairt do Thuaisceart Éireann a acmhainneacht a bhaint amach mar cheann scríbe turasóireachta. Le linn na tréimhse 2002-2004, tá sé mar aidhm aici líon na dturasóirí a thagann go dtí an t-oileán a mhéadú faoi 15.4% .i. go dtí 7.9 milliún cuairteoir in aghaidh na bliana. Thacaigh an Chomhairle leis an sprioc sin agus gheall sí don chuideachta go mbeidh sí ag cuidiú léi agus í ag cinntiú go mbainfear amach acmhainneacht an tionscail san iomlán.

- 4.8.9 Tá athrú neamhchorrach bainte amach ag an eagraíocht ó thaobh cúrsaí oibríochtúla de. Chuir an chuideachta isteach a foireann iomlán bainistíochta agus tá sí ag cur deiridh leis an phróiseas a bhaineann le baill fhoirne a aistriú

ó Bhord Fáilte Éireann agus ó Bhord Turasóireachta Thuaisceart Éireann. Osclaíodh oifigí nua i mBaile Átha Cliath agus i gCúl Raithin níos moille sa bhliain agus tá níos mó ná 150 duine ag Turasóireacht Éireann agus iad lonnaithe in oifigí i mBaile Átha Cliath, Cúil Raithin agus i 14 suíomh ar fud an domhain. Lena chois sin, chomhaontaigh CATT gur chóir don chuideachta oifig nua amháin a bhunú i Londain, fad is go bhfuil na Ranna urraíochta sásta leis an suíomh agus le costais.

- 4.8.10 Agus í ag úsáid na gcleachtas is fearr ón dá bhord turasóireachta agus ó shaineolas nua, mhéadaigh Turasóireacht Éireann a cumais taighde agus d'fhorbair sí corais a ligean di gníomhú go gasta de réir mar a thagann deiseanna aníos. Tá deiseanna maithe ag an eagraíocht anois agus í chun tosaigh i dtéarmaí margaíochta um thurasóireacht idirnáisiúnta.
- 4.8.11 Tá níos mó faisnéise ar Thurasóireacht Éireann Teo. le fáil ar láithreán gréasáin na cuideachta [www.tourismireland.com](http://www.tourismireland.com)

## EARNÁIL AN OIDEACHAIS

4.9.1 Comhaontaíodh go ndéanfadh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas breithniú tosaigh ar na gneithe seo a leanas, gneithe a bhaineann le comhoibriú Thuaidh/Theas i réimse an Oideachais: oideachas do pháistí faoi riachtanais speisialta, tearcghnóthachtálaíocht oideachais, cailíochtaí múinteoirí, agus malartuithe scoileanna, ógra agus múinteoirí.

4.9.2 Tháinig CATT le chéile uair amháin in Earnáil an Oideachais sa bhliain 2002. Bhí an cruinniú sin ar siúl ar 11 Aibreán.

4.9.3 Thug an Chomhairle aitheantas don dul chun cinn atá á dhéanamh ag an Ghrúpa Comhordaithe um Oideachas Speisialta atá ag díriú, ag an tús, ar Uathachas agus ar an Disléais. Áiríonn sé sin:

- údarás a thabhairt don chomhaontú ar tháinig an dá Roinn Oideachais agus ionadaithe ó St Louis Order air, maidir le hiar-Ionad Traenála d'Ógánaigh Naomh Seosamh, Baile Lár, Co. Ard Mhacha, a cheannach, agus Ionad Feabhais a bhunú ann a dhíreodh ar oideachas do pháistí a bhfuil Neamhoird ó Speictream an Uathachais orthu (NSU). Áis uile-oileáin a bheas san ionad sin agus é ag cur comhairle saineolaí ar fáil mar aon le treoraíocht ar na cleachtais is fearr ó thaobh measúnú a dhéanamh ar pháistí agus daoine óga a bhfuil NSU orthu, treanáil múinteoirí agus daoine gairmiúla eile, tacaíocht do thuismitheoirí, dhéanamh ar pháistí agus daoine óga a bhfuil NSU orthu. Chomh maith leis sin cuirfidh sé traenáil ar fáil do mhúinteoirí agus do ghairmithe eile agus tacóidh sé le tuismitheoirí, agus forbróidh sé pleananna oideachais do dhaoine

aonair. Beidh áis thaighde agus acmhainní do NSU ann mar chuid den áis;

- foilsíú ceithre mhiontuarascáil ó na Tascfhórsaí ar an Uathachas agus ar an Disléais a bunaíodh ar leithligh ag An Roinn Oideachais agus An Roinn Oideachais agus Eolaíochta;
- pleananna do mhúinteoir um Oideachas Speisialta a bheith ar iasacht san Ionad um Staidéar Trasteorann, Ard Mhacha chun clár comh-mhaoinithe a eagrú agus a éascú chun idirphlé gairmiúl agus comhoibriú ag leibhéal straitéiseach a chur chun tosaigh;
- forbairt fistéipeanna do thuismitheoirí a bhfuil uathachas nó disléais ar a gcuid páistí agus ábhar CD-ROM/DVD-ROM do mhúinteoirí agus daoine gairmiúla eile sna réimsí seo a bhaineann le hoideachas speisialta.

4.9.4 Thug an Chomhairle aitheantas don dul chun cinn a rinne an Grúpa Oibre um Litearthacht/Uimhearthacht ar mholtaí chun scrúdú a dhéanamh ar an fhéidearthacht agus ar an oiriúnacht a bhaineann le háis uile-oileáin a bheith ann chun oidí a thraenáil le scileanna léitheoireachta a bhisíú agus chun luathscileanna litearthachta a fhorbairt. Thug an Chomhairle faoi deara chomh maith go bhfuil comhoibriú ag leanúint ar aghaidh maidir le comhthraenáil do mhúinteoirí agus ábhair theagaisc a roinnt.

- 4.9.5 Thug an Chomhairle faoi deara chomh maith go bhfuil obair ag leanúint ar aghaidh i ndáil leis na saincheistanna a bhaineann le haoisliúntas agus cailíochtaí múinteoirí, mar chuid den iarracht na bacanna a laghdú i dtéarmaí soghluaisteachta Thuaidh/Theas sa ghairm seo.
- 4.9.6 Thacaigh an Chomhairle le haidhm na Ranna Oideachais, Thuaidh agus Theas, leanúint ar aghaidh le héifeacht a thabhairt do mholtaí ó chuibhreannas comhlachtaí na hearnála poiblí chun feabhas a chur ar na bealaí ina mbainistítear agus ina n-éascaítear malartuithe scoileanna, ógra agus múinteoirí. I measc na moltaí tá: socruithe nua uile-oileáin a chruthú lena n-áirítear coiste bainistíochta clár, buanchoiste comhairleach agus comhghníomhaireacht soláthair. Thug an Chomhairle aitheantas don dul chun cinn agus an comhoibriú a rinne an dá Roinn Oideachais go dtí seo agus iad ag riaradh agus ag bainistiú Beart 5.5 den Chlár PEACE 11. Cuireann an beart sin comhoibriú scoileanna agus ógra chun cinn i gcomhthéacs trasteorann.
- 4.9.7 Cuireadh in iúl don Chomhairle go bhfuil An Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí ag dul reachtaíocht a thabhairt isteach i dTionól Thuaisceart Éireann chun riar do chosaint na bpáistí agus na n-aosach leochaileach. Tá An Roinn Oideachais agus Eolaíochta le dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara chomh maith maidir le clár a fhorbairt ar a mbeadh daoine mífheiliúnacha chun obair a dhéanamh le páistí agus daoine óga.
- 4.9.8 Mar gheall ar mholadh AE an bhliain 2004 a ainmniú mar “An Bhliain Eorpach d’Oideachas trí Spórt”, chomhaontaigh an Chomhairle go raibh deiseanna ann do chomhthionscnaimh ina mbeadh oideachas, sport agus cúrsaí sláinte páirteach.

## EARNÁIL NA TALMHAÍOCHTA

4.10.1 Comhaontaíodh go ndéanfadh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas breithniú tosaigh ar na gneithe seo a leanas, gneithe a bhaineann le comhoibriú Thuaidh/Theas i réimse na Talmhaíochta: saincheisteanna a bhaineann leis An Comhbheartas Talmhaíochta (CAP), sláinte ainmhithe agus plandaí agus forbairt tuaithe.

4.10.2 Tháinig CATT le chéile trí huairé in Earnáil na Talmhaíochta i rith 2002. Bhí na cruinnithe sin ar siúl ar 15 Aibreán agus ar 27 Meán Fómhair.

4.10.3 D'admhaigh Airí go bhfuil an dá dhlíne ag comhoibriú go dlúth lena chéile agus gur laghdaíodh tionchar an Ghalar Chrúb is Béil (GCB) ar oileán na hÉireann dá bharr. Aontaíodh gur chóir iarraidh ar ionadaithe ón dá dhlíne páirt a ghlacadh in athbhreithnithe ar GCB atá á mbreithniú ar leithligh sa Tuaisceart agus sa Deisceart. Lena chois sin, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú gur chóir cur chuige comhlántach comhordaithe a fhorbairt agus a chothabháil maidir le rialúcháin chalaidh.

4.10.4 Maidir le sláinte ainmhithe thug an Chomhairle aitheantas do pháipéar a chuireann in iúl na príomhdhifriochtaí polasaithe, na féidearthachtaí le haghaidh coinbhéirseachta agus an clár ama le haghaidh gníomhaíochta chun coinbhéirseacht a chur i gcrích. Bhí na cruinnithe sin ar siúl ar 14 agus an clár ama le haghaidh gníomhaíochta chun coinbhéirseacht a chur i gcrích. Thacaigh an Chomhairle leis an pháipéar mar chéim amháin eile san fheachtas chun Straitéis uile-oileáin um Shláinte Ainmhithe a

fhorbairt agus d'admhaigh go raibh níos mó dul chun cinn ar pholasaithe agus bearta a ailíniú iontach tábhachtach d'fhorbairt na straitéise. Thug an Chomhairle faoi deara an clár ama a moladh le haghaidh coinbhéirseachta agus chomhaontaigh gur chóir d'fheimeannaigh iarracht a dhéanamh an plé le húdaráis na Breataine Móire a thabhairt chun críche sula dtiocfadh CATT ar chomhaontú deiridh faoin straitéis.

4.10.5 I ndáil le saincheisteanna fíteashláintíocha a bhaineann le Sláinte Plandaí agus Lotnaidicídí, thug an Chomhairle aitheantas do leibhéal an chomhoibríthe atá ann cheana féin agus spreag siad na húdaráis chuif, Thuaidh agus Theas, coinneáil leis na hábhair a moladh le haghaidh tuilleadh comhoibríthe ó thaobh Sláinte Plandaí de, lena n-áirítear breithniú ar dheiseanna le haghaidh comhoibríthe i dTaighde cuif agus i bhForbairt chuif. Rinne an Chomhairle breithniú ar pháipéar faoi "Shláinte Plandaí - Lotnaidicídí, Diagnóisic agus Taighde ar Chomhoibriú", agus thug sí aitheantas don leibhéal gníomhaíochta trasteorann atá ann cheana féin sna réimsí sin agus an leibhéal atá á moladh. Lena chois sin, thug an Chomhairle suntas do na forbairtí i ndáil le monatóireacht a dhéanamh ar lotnaidicídí agus athbhreithniú ar chúrsaí clárúcháin, mar aon leis an mholadh, réimse nithe a eagrú chun comhoibriú eolaíoch agus teicniúil trasteorann a chur i gcomhréir le chéile i dtéarmaí sláinte plandaí; foraoiseacht san áireamh. Seo a leanas na nithe a moladh: cuairteanna deilíneacha chun taithí a thabhairt do dhaoine, ceardlanna, oiliúint foirne agus tástálacha fáinneacha chun críocha diagnóiseacha.

- 4.10.6 Thug an Chomhairle aitheantas don dul chun cinn a bhaineann leis an dá staidéar Trasteorann arna gcoimisiúnú ag an Choiste Stiúrtha ar Fhorbairt Tuaithe Trasteorann. Thacaigh an Chomhairle leis an phrionsabal gur chóir cur chuige bunaithe ar limistéar a úsáid maidir le forbairt tuaithe trasteorann, rud a chuirfear chun tosaigh tríd an Chlár INTERREG 111. Lena chois sin, thug an Chomhairle faoi deara go ndéanfaidh an Coiste Stiúrtha tuilleadh breithniúcháin ar na freagairtí cuí ar na moltaí sa staidéar ar Oideachas, Oiliúint agus Taighde Trasteorann. Faoi PEACE 11 thug an Chomhairle faoi deara gur éirigh le Líonra an Phobail Thuaithe (Rural Community Network) agus Nasc Tuaithe na hÉireann (Irish Rural Link) ina gcuid iarratas Tosaíocht 5 Beart 6 (a) a chur i gcrích eadhon, Comhoibriú ar Fhorbairt Tuaithe agus Talmhaíochta: Forbairt Pobail Trasteorann.
- 4.10.7 I ndáil le Tionscal na Muc, chomhaontaigh an Chomhairle gur chóir d'fheidhmeannaigh coinneáil leis an phróiseas ina mbíonn siad i dteagmháil le dTionscal na Muc agus na gníomhaireachtaí forbartha ar mhaithe le moltaí an chomhstaidéir, arna choimisiúnú ag an Chomhairle, a chur chun tosaigh, agus ar mhaithe le feabhas a chur ar iomaíochas earnáil na muc san iomlán ar an oileán.
- 4.10.8 Fuair an Chomhairle an t-eolas is deireanaí ar na hábhair seo a leanas: caibidlí de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála, méadú AE agus leasú ar An Chomhbheartas Talmhaíochta

## AN EARNÁIL COMHSHAOIL

- 4.11.1 Comhaontaíodh go ndéanfaidh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas breithniú tosaigh ar na gneithe seo a leanas, gneithe a bhaineann le comoibriú Thuaidh/Theas i réimse an Chomhshaoil: bainistíocht ar cháilíocht an uisce, bainistíocht dramhaíola i gcomhtheacs trasteorann, taighde ar chosaint an chomhshaoil, bunachair shonraí ar an chomhshaoil, tionchar na talmhaíochta ar an chomhshaoil, agus malartú faisnéise agus feasacht ar chomhshaoil.
- 4.11.2 Tháinig an Chomhairle le chéile uair amháin san Earnáil Comhshaoil sa bhliain 2002. Bhí an cruinniú sin ar siúl ar 17 Aibreán.
- 4.11.3 Maidir le bainistíocht ar cháilíocht an uisce, chomhaontaigh Airí gur chóir don obair a rinneadh ar na scéimeanna bainistíochta do dhobharcheantair an Fheabhail agus na hÉirne a ionchorprú isteach sna socruithe atá á bhforbairt maidir le Creat-Treoir Uisce AE (CTU) a fhorfheidhmiú i ndáil le habhantracha trasteorann i gcoitinne. Lean an obair i rith na bliana ar réimse leathan gníomhaíochtaí maidir le CTU a fhorfheidhmiú. Mar a d'iarr an Chomhairle, forbraíodh moltaí le haghaidh Limistéir Abhantracha Idirnaisiúnta (LAIInna) a sceitseáil, mar is gá faoin Treoir, dréachtaíodh páipéar comh-Chomhairliúcháin ar fhorfheidhniú CTU agus sceitseáil na LAInna go mór mór agus coinníodh le cúrsaí maoiniúcháin (lena n-áirítear Interreg 111 Thuaidh/Theas) i ndáil le gníomhaíochtaí forfheidhmithe trasteorann CTU agus tionscadail bhainistíochta LAI.
- 4.11.4 I dtaca le bainistíocht dramhaíola chomhaontaigh an Chomhairle

roimhe sin gur chóir cur chuige comhoibrithe a bheith ann chun tacú le leathnú na hathchúrsála dramhaíola agus chun í a spreagadh. Thug an Chomhairle aitheantas don tuarascáil ar dhul chun cinn ón Ghrúpa Stiúrtha a bunaíodh chun cur chuige struchtúrach comhoibrithe a fhorbairt maidir le Clár Forbartha don chomh-Mhargadh. Shainigh an Grúpa Stiúrtha taighe a coimisiúnaíodh ar na mallaibh ar shrutháin dramhaíola, a chuirfeadh faisnéis luachmhar ar fáil dá Clár Oibre. Chomhaontaigh an Chomhairle gur chóir don Ghrúpa Stiúrtha moltaí a chur faoina bráid maidir le cur chuige straitéiseach uile-oileáin a fhorbairt i dtéarmaí forbairt mhargaidh d'ábhar ar féidir é a athchúrsáil, ag cur forbairtí sa Bhreatain san áireamh, agus moltaí a dhéanamh ar nascanna cuí idir Cláir um Fhorbairt Margaidh, Thuaidh agus Theas. Lean an obair i rith na bliana agus rinneadh dul chun cinn maith ar na moltaí sin a dhréachtú.

